# Sceitimíní

## Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Drámaíochta



Gníomhaíochtaí Spraíúla don Seomra Ranga

Claire M. Dunne

# Nóta Buíochais

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an meitheal múinteoirí agus mac léinn a spreag an leabhar seo. Gabhaim buíochas freisin leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a thug maoiniú agus tacaíocht don tionscadal seo.

Gabhaim buíochas faoi leith le Elaine Clotworthy as a saineolas drámaíochta a roinnt liom agus an leabhar seo á cheapadh agus a chur le chéile agam.

Táim an-bhuíoch freisin de Shanna Ní Rabhartaigh a léigh dréachtaí den leabhar agus a thug comhairle chríonna maidir leis an bhfriotal ann.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Fintan Wall a chuir an-snas ar an leabhar. Go raibh míle maith agaibh, a Irma, a Alina, a Mary, a Matthew, a Mark, a Mhairéad, a Miriam, agus a Kate, as sceitimíní a léiriú ó luaigh mé an smaoineamh don leabhar seo.

Tá mé an-bhuíoch de Aingeal Nic an tSábhaisigh agus Sylvaine Ní Aogáin a thug moltaí breise cruthaitheacha dom agus an leagan nua seo á réiteach agam.

Faoi dheireadh ba mhaith liom buíochas ó mo chroí amach a thabhairt d'Aodán Mac Suibhne a chéadspreag spéis ionam sa Ghaeilge agus a thuig i gcónaí an tábhacht le rang Gaeilge taitneamh dearfach a chruthú do chainteoirí óga.

Chun tagairt a dhéanamh don saothar seo:

Dunne, C. M. (2024). *Sceitmíní: Gníomhaíochtaí Gaeilge agus drámaíochta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Institiúid Oideachais Marino Institute of Education

An Associated College of Trinity College Dublin, the University of Dublin


An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Réamhrá

Cruthaíonn an bhunscoil pobal Gaeilge don chainteoir óg. Tá go leor buntáistí ag baint leis an nGaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna eile lasmuigh den cheacht Gaeilge. Tógann sé ar an méid Gaeilge a chloiseann agus a labhraíonn an páiste gach lá, agus tugann sé deiseanna don pháiste an Ghaeilge a úsáid i suíomhanna neamhfhoirmiúla sóisialta. Tá dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus na healaíona agus tugann an ceacht drámaíochta deis don pháiste é féin a chur in iúl go healaíonta, agus a chuid Gaeilge a úsáid i suíomh taitneamhach eile.

Tá na moltaí sa leabhar seo bunaithe ar thaithí go leor múinteoirí éagsúla agus ar áiseanna atá curtha ar fáil ag múinteoirí díograiseacha cheana féin. Tá bileoga oibre ag dul le roinnt gníomhaíochtaí agus is féidir cur leo de réir mar a oireann don rang.

Ceapadh roinnt gníomhaíochtaí mar gheall ar thorthaí **taighde** atá déanta ar mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna na hÉireann agus ar an bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga. Sna cásanna sin, feicfidh tú an tsiombail seo a leanas:



Tá gníomhaíochtaí molta don seomra ranga agus cinn eile le déanamh **sa bhaile** chun daingniú a dhéanamh ar an ábhar. Feicfidh tú an tsiombail seo sna comhthéacsanna sin:



Baineann gníomhaíochtaí eile leis an saol sa phobal áitiúil agus **lasmuigh de gheataí na scoile.** Feicfidh tú an tsiombail seo sna comhthéacsanna sin:



# Foramharc ar na Gníomhaíochtaí Gaeilge

Tá ábhar nua curtha leis an leagan seo de *Sceitimíní: Gníomhaíochtaí Gaeilge agus drámaíochta* chun tacú le múinteoirí Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) a chur i bhfeidhm agus chun díriú ar na béimeanna atá i gCuraclam na Bunscoile (2023).

Mar a bhí sa leagan eile, tá moltaí i gCuid 1, 2 agus 3 do ghníomhaíochtaí spreagúla Gaeilge chun cur chuige spraíúil san fhoghlaim a chur chun cinn. Baineann na codanna nua i gCuid 4, 5 agus 6 le ról na Gaeilge i réimsí eile de shaol an pháiste agus le réimsí a bhfuil béim orthu i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2023). Baineann Cuid 7, 8 agus 9 le cur chuige FCÁT do mhúineadh na drámaíochta. Tá áiseanna don mhúinteoir ranga ar fáil i gCuid 10 agus 11.

Sa chéad chuid de na gníomhaíochtaí, tá béim ar an bh**Feasacht Teanga** agus ar bhreathnú ar an teagmháil a bhíonn ag an bpáiste leis an nGaeilge ina shaol laethúil.

Sa dara cuid, tá **Gníomhaíochtaí Gasta Gaeilge** is féidir a úsáid le linn an lae le go mbeidh taithí ag an bpáiste ar an nGaeilge a dhéanamh lasmuigh den cheacht Gaeilge.

Baineann an tríú cuid le páistí agus iad **Ag Ullmhú don Rólimirt**. Ar dtús, tá gníomhaíochtaí don obair bheirte ann le go mbeidh muinín acu labhairt as Gaeilge. Ansin, déantar cleachtaí chun bunghnéithe an chomhrá a chur ar chumas an pháiste.

Baineann Cuid 4 le **An Ghaeilge agus Bua an Ilteangachais**.

Baineann Cuid 5 le **An Ghaeilge agus an Saol Inbhuanaithe**.

Baineann Cuid 6 le **An Ghaeilge agus an Saol Folláin**.

Baineann na gníomhaíochtaí i gCuid 7 le **Straitéisí Drámaíochta** a iniúchadh sa seomra ranga de réir an Churaclaim Dhrámaíochta. Tógann siad ar an obair foclóra atá déanta i gCuid 2 agus 3. Is fiú dul siar ar roinnt gníomhaíochtaí i gCuid 2 agus 3 roimh thosú ar na Straitéisí Drámaíochta.

I gcuid 8 tá moltaí maidir le **Gníomhaíochtaí Drámaíochta a Bhunú ar Scéalta** Gaeilge. Tá borradh faoi litríocht Ghaeilge na n-óg le blianta beaga anuas agus is mór an buntáiste é na scéalta a úsáid mar spreagadh don cheacht drámaíochta.

I gCuid 9, tá moltaí maidir le **Léirsmaoineamh ar Dhráma** agus páistí a chumasú a dtuairimí a chur in iúl faoi léiriú dráma atá feicthe acu.

I gCuid 10 tá liosta d'**Áiseanna Drámaíochta** ar fáil.

I gCuid 11 tá **Bileoga Samplacha** gur féidir a úsáid do na gníomhaíochtaí molta. Is féidir iad a fhótachóipeáil nó cur leo de réir mar a oireann sé don rang.

In amanna, tá forbairt nó dúshlán breise luaite chun tógáil ar a gcuid taithí dhrámaíochta.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le húdar an leabhráin seo trí ríomhphost a chur chuig
claire.dunne@mie.ie

# Liosta de na Gníomhaíochtaí ar Fad


Nóta Buíochais ... i

Réamhrá ... ii

Foramharc ar na Gníomhaíochtaí Gaeilge ... iii

Cuid 1: Feasacht Teanga ... 1

- An Ghaeilge Mórthimpeall Orm ... 2
- Focail Dheasa ... 3
- Focail Speisialta ... 4
- Beannachtaí na Gaeilge ... 5
- Focail agus Frásaí an tSeomra Ranga ... 6
- Céad Míle Focal Romhat ... 6

Cuid 2: Gníomhaíochtaí Gasta Gaeilge ... 7

- Rainn agus Amhráin ... 9
- Seal Scéalaíochta ... 10
- Bog Má Tá ... 10
- Trasnaigh an Seomra ... 11
- Spraoi sa Chlós ... 11
- Cluichí Cláir ... 11
- Léimis Linn! ... 12
- Tuile Léitheoireachta ... 12
- Lón Léitheoireachta ... 12
- Club Léitheoireachta ... 12

Cuid 3: Ag Ullmhú don Rólimirt ... 13

- Rabhlóga ... 14
- Déan Gáire leis na Jócanna seo! ... 15
- Smaoinígí ar na Dúcheisteanna seo! ... 15
- Seanfhocail agus Nua-Fhocail! ... 16
- Cuir Agallamh ar Dhuine ... 17
- Críochnaigh an Abairt ... 17
- Scileanna Comhrá ... 18
- Tús Abairte ... 18
- Druil na mBriathra ... 18
- Céard a Rinne Tú Aréir? ... 19
- Ach, Mar sin ... 19
- SNAP ... 20
- Péirí ... 20
- Rí na Líne ... 21

Cad a Dhéanfaidh Tú Anois? ..... 21

Tuismeá ..... 22

Rabhlóga a Chumadh (Aimsir Láithreach agus Aimsir Fháistineach) ..... 22

Jenga sa Mhodh Coinníollach ..... 23

Leadógfhocal ..... 23

Bog Más Maith Leat ..... 24

Contrárthachtaí ..... 24

Inis Dom Fút Féin ..... 25

Cé Atá Ann? ..... 25

Cuid 4: An Ghaeilge agus Bua an Ilteangachais ..... 26

Fréamh an Fhocail ..... 28

Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Caintise ..... 29

Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Béarla ..... 30

Gníomhaíochaí Gaeilge agus Breatnaise ..... 31

Ainmneacha Ilteangacha na mBláthanna ..... 34

Ainmneacha Ilteangacha na bhFéileacán ..... 36

Ainmneacha Ilteangacha an tSaoil Fothoinn ..... 37

Seanfhocail na Gaeilge agus Seanfhocail an Domhain ..... 38

Céad Míle Focal Romhat - Mo Stór Focal Ilteangach ..... 39

Mo Chumas Ilteangach agus Mo Chorp ..... 39

Cuid 5: An Ghaeilge agus An Saol Inbhuanaithe ..... 40

Seanfhocail Ghaeilge agus Tuiscint don Saol Inbhuanaithe ..... 41

Fiosracht agus Fiadhúlra ..... 42

Dóchas sa Dúchas: Béaloideas na hÉireann agus Béaloideas an Domhain ..... 43

Cuid 6: An Ghaeilge agus Saol Folláin ..... 45

Saíocht na Gaeilge an an Saol Folláin ..... 46

Béaloideas na Gaeilge agus an Saol Folláin ..... 46

Sosanna Spleodracha agus Sosanna Suaimhneacha ..... 48

Cuid 7: Straitéisí Drámaíochta ..... 51

Tírdhreach/Fuaimrian ..... 53

Próifíl ar Charachtar ..... 53

Ní Chreidfeá an Méid a Tharla! ..... 53

Seafóid! ..... 55

Tá Fadhb Agam ..... 56

Cosán Coinsiasa ..... 57

Sealchathaoir ..... 57

Mála ar Iarraidh ..... 58

Ag Dul ar Thuras ..... 58

Turas Traenach / Luas ..... 59

Rialacha na Traenach ..... 60

Moill ar an Eitleán ..... 61

Scileanna Gaeilge a Phacáil (An Bhreatain Bheag) ... 62
Scileanna Gaeilge a Phacáil (Albain) ... 63
Casadh sa Scéal ... 64
Ráflaí ... 65
Cuid 8: Scéalta Gaeilge a Úsáid mar Spreagadh don Drámaíocht ... 66
Éisteacht Ghníomhach ... 67
Próifíl ar Charachtar ... 67
An Carachtar ar an tSealchathaoir ... 68
Críochnaigh Comhrá an Charachtair ... 68
Cuimhne an Charachtair ... 68
Rianú Smaointeoireachta ... 69
Comhrá idir Beirt Charachtar ... 70
Cuid 9: Léirsmaoineamh ar Dhráma ... 71
Cuid 10: Áiseanna Drámaíochta ... 73
Cuid 11: Bileoga Oibre ... 75
Bileog 1: An Ghaeilge Mórthimpeall Orm ... 77
Bileog 2: An Ghaeilge Mórthimpeall Orm sa Bhaile ... 78
Bileog 3: Focail Dheasa ... 79
Bileog 4: Focail Speisialta ... 80
Bileog 5: Treoracha do Chluichí Cláir ... 81
Ag Imirt Cártaí nó Cluichí Cláir: Frásaí Cabhracha ... 81
*Cé atá ann? (Guess Who?) Rialacha* ... 81
*Scrabble: Rialacha* ... 82
*Casadh an tSúgáin (Twister)* ... 83
*Jenga* ... 83
Bileog 6: Ceistneoir don Chlub Léitheoireachta ... 84
Bileog 7: Cuir Agallamh ar Dhuine ... 91
Bileog 8: Críochnaigh an Abairt ... 92
Bileog 9: Cad a Rinne Tú Aréir? ... 93
Bileog 10: Leidchárta don Aimsir Fháistineach ... 94
Bileog 11: Leidchárta don Mhodh Coinníollach ... 95
Bileog 12: Aidiachtaí/Contrárthachtaí ... 96
Bileog 13: Inis Dom Fút Féin ... 97
Bileog 14: Tá Fadhb Agam ... 98
Bileog 15: Rialacha na Traenach ... 99
Bileog 16: Casadh sa Scéal ... 100
Bileog 17: Bolgán Smaointeoireachta ... 101
Bileog 18: Conradh Drámaíochta ... 102

# Cuid 1:
## Feasacht Teanga



# Cuid 1: Feasacht Teanga

**Is féidir úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí beaga seo chun aird na bpáistí a dhíriú ar an nGaeilge a fheiceann siad agus a chloiseann siad le linn an lae.**

## An Ghaeilge Mórthimpeall Orm

**Mar chuid den chéad ghníomhaíocht seo, déanann na páistí iniúchadh ar na fógraí Gaeilge a fheiceann siad gach lá ar scoil.**

***Bain úsáid as Bileog 1 mar threoir.**

- Tógann an múinteoir na páistí ar thuras timpeall na scoile ag faire amach d'aon fhógra Gaeilge. Glacann siad grianghraf de gach rud a fheiceann siad agus/nó scríobhann siad síos é. Déanann an rang liosta de na fógraí Gaeilge.



**Sa Bhaile:** Feiceann na páistí an bhfuil aon ní scríofa as Gaeilge (mar shampla, paicéad siúcra, cartán bainne, seanfhocail, leabhair sa bhaile). Déanann sé/sí liosta díobh.

Cuireann siad ceist ar dhuine fásta faoi roinnt logainmneacha áitiúla as Gaeilge.

***Bain úsáid as Bileog 1 mar threoir.**



**Sa Phobal:** Ar an gcéad turas eile ar an mbus, Luas, an DART, an traein nó ag an aerfort, bíonn na páistí ag faire amach d'fhógraí Gaeilge agus do logainmneacha a fheicfidh siad agus déanann sé/sí liosta díobh.

## Focail Dheasa

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann páistí taithí ar an nGaeilge a úsáid le cairde agus lena muintir chun rudaí dearfacha a rá.**

***Bain úsáid as Bileog 3 mar threoir.**

- Léann an rang na 'Focail Dheasa' ar Bhileog 3.
- Iarrann an múinteoir ar na páistí ceann de na frásaí ar Bhileog 3 a úsáid ag am lóin, sa chlós, agus sa seomra ranga, mar shampla 'Coinnigh ort!', 'Tá sé go hiontach bualadh leat!'
- Ansin, mar rang tagann siad aníos le 'Focail Dheasa' eile agus scríobhann siad sa ghreille iad.
- Gearrann an rang suas na frásaí agus iarrann an múinteoir ar na páistí ceann a phiocadh amach as bosca.
- Déanann an páiste iarracht an frása sin a úsáid trí huaire an lá sin le daoine éagsúla.
- Ansin, roghnaíonn an páiste frása nua.



**Sa Bhaile:** Baineann na páistí úsáid as 'Focail Dheasa' le duine sa teaghlach. Taispeánann an páiste an liosta d'fhocail dheasa don duine fásta agus roghnaíonn siad frása nua le rá le duine eile.



**Sa Phobal:** Baineann na páistí úsáid as 'Focail Dheasa' le duine eile a mbuaileann sé/sí leis.

## Focail Speisialta

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann páistí taithí ar fhocail speisialta na Gaeilge.**

***Bain úsáid as Bileog 4 mar threoir**

- Gearrann an múinteoir amach na 'Focail Speisialta' ar Bhileog 4, mar shampla, 'foiseach'. Déanann sé/sí mím chun an focal sin a mhíniú do na páistí.
- Gach lá piocann páiste amháin amach focal nua agus pléann an rang an bhrí atá leis.



**Sa Bhaile:** Féachann na páistí san fhoclóir agus aimseoidh siad trí fhocal Ghaeilge a thaitníonn leo.



**Sa Phobal:** Bíonn na páistí ag faire amach d'fhocail speisialta Ghaeilge sa siopa/ar an mbus, agus cuireann siad leis an liosta iad.

*Tá an-fhiúntas ag baint leis an sprioctheanga a úsáid ar bhonn neamhfhoirmiúil le linn an lae chun stór focal na bpáistí a leathnú (Thomas et al. 2018) ach uaireanta is minice na páistí ag éisteacht le Gaeilge neamhfhoirmiúil ón múinteoir seachas iad ag labhairt lena gcairde as Gaeilge (Dunne, 2015).*

## Beannachtaí na Gaeilge

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, tugtar deis do na páistí beannachtaí Gaeilge a úsáid le pobal na scoile.**

- Déanann an rang cleachtadh ar na beannachtaí seo a leanas:

***Dia duit!***
***Cén chaoi a bhfuil?***
***Aon scéal?***

- Cuireann siad geáitsí le gach beannacht, mar shampla, ag croitheadh lámh. Baineann siad triail astu leis na daoine eile atá ina suí ag an mbord céanna.
- Gach lá, cuireann an rang beannacht amháin leis an liosta (Aon chraic? Conas atá tú? Bail ó Dhia ort! Maidin mhaith!)
- Baineann siad triail as an mbeannacht le haon chuairteoir a thagann isteach sa seomra ranga.
- Baineann siad triail as an mbeannacht le triúr sa chlós.



**Sa Bhaile:** Baineann na páistí triail as an mbeanacht le duine sa teaghlach.



**Sa Phobal:** Baineann siad triail as an mbeanacht le duine sa siopa áitiúil/ar an mbus/ar an traein.

## Focail agus Frásaí an tSeomra Ranga

**Sna gníomhaíochtaí seo a leanas, téann na páistí i dtaithí ar fhoclóir agus ar fhrásaí an tseomra ranga. Tógann sé tamall ar pháiste dul i dtaithí ar fhoclóir nua atá casta. Mar sin, is cabhair dóibh é frása úsáideach a bheith ar crochadh sa seomra ranga.**

- Taispeánann an múinteoir roinnt lipéad do na páistí, mar shampla 'Ríomhaire', 'An Doirteal', 'Clár Bán Idirghníomhach'.
- 'Cá gcuirfimid na lipéid seo?' Siúil go dtí an áit cheart sa seomra ranga.
- Tugann an múinteoir lipéad glan do chúpla páiste agus iarrann orthu seasamh in aice le haon rud sa seomra ranga. Cuireann siad an cheist ar an rang 'Céard é seo?' Scríobhann siad/an múinteoir an focal ar an lipéad.
- 'Dúnaigí bhur súile.' Cuireann na páistí na lipéid ar bhord páiste eile. 'Osclaígí bhur súile.' Bíonn ar an bpáiste an lipéad a phiocadh suas agus seasamh in aice leis an earra sin sa seomra ranga.
- Déanann an múinteoir é seo cúpla uair ar chúpla lá éagsúil go dtí go mbíonn na páistí compordach le teanga an tseomra ranga.
- Tugann an múinteoir lipéad glan do pháiste agus iarrann air/uirthi seasamh le fógra atá ar crochadh sa rang, mar shampla, 'An Leabharlann'. 'Scríobhfaimid nóta don rang anseo.' Iarrann an múinteoir ar na páistí smaoineamh ar nóta oiriúnach, mar shampla,'Bígí ag léamh anseo.'
- Tugann an múinteoir lipéad glan do pháiste eile agus iarrann air/uirthi seasamh le fógra eile sa rang, mar shampla, 'An Doirteal'. 'Scríobhfaimid nóta don rang anseo.' Iarrann an múinteoir ar na páistí smaoineamh ar nóta oiriúnach.

## Céad Míle Focal Romhat

**Bailíonn na páistí na focail agus frásaí Gaeilge atá ar eolas acu, nó nathanna faoi leith a thaitníonn leo.** Ar phóstaer mór darbh ainm 'Céad Míle Focal Romhat' scríobhann na páistí na focail agus na frásaí sin.



**Sa Bhaile:** Bailíonn na páistí focail agus frásaí eile óna dteaghlach agus cuireann siad leis an bpóstaer ranga iad.



# Cuid 2:
## Gníomhaíochtaí Gasta Gaeilge



Foghlaimíonn páistí stór focal ó bhéal tábhachtach agus frásaí tábhachtacha ach deiseanna le haghaidh aithrise a bheith acu trí scéalta, amhráin, súgradh agus nósmhaireachtaí laethúla (Ó Duibhir agus Cummins, 2012).

Baineann páistí taitneamh as ábhair scoile ina bhfuil oideolaíochtaí páiste-lárnacha, ina measc cuir chuige chruthaitheacha spraíúla don fhoghaim agus teagasc (Martinez Sainz et al., 2023)

Cabhraíonn sé le foghlaimeoirí ilteangacha má mhúinteoir an foclóir nua go follasach agus i gcomhthéacs (Cummins, 2021).

## Cuid 2: Gníomhaíochtaí Gasta Gaeilge

**Sna gníomhaíochtaí spraíúla seo a leanas, bíonn deis ag na páistí an Ghaeilge a úsáid ar feadh tréimhsí gearra agus i suíomhanna neamhfhoirmiúla le linn an lae, lasmuigh den cheacht Gaeilge.**

**Baineann an chéad chúpla gníomhaíocht le teanga ghabhchumais i.e. go gcloisfidh an páiste treoracha, rainn agus scéalta agus go bhfreagróidh sé/sí dóibh.**

**Baineann na gníomhaíochtaí eile le teanga ghinchumais i.e. go mbeidh deis ag an bpáiste teanga ó bhéal a fhorbairt. Bainfear úsáid as an teanga seo sna gníomhaíochtaí drámaíochta a leanann iad.**



## Rainn agus Amhráin

**Tá cnuasaigh bhreátha ar fáil de rainn agus rímeanna Gaeilge. Cabhraíonn siad le páistí dul i dtaithí ar fhuaimeanna na Gaeilge, ar fhoclóir nua, agus baineann siad sult astu.**

**Roghnaíonn an múinteoir rann ón liosta le déanamh leis an rang ar maidin nó le linn duit a bheith ag aistriú ag aistriú ó cheacht go ceacht.**

1. Bí ag ithe

Bí ag ithe
Bí ag ól
Seas suas
Suigh síos
Slán go fóill.

2. Is maith liom

Is maith liom bainne
Is maith liom ubh
Is maith liom im
Is maith liom subh
Is maith liom cáis
Is maith liom práta
Is maith liom arán
Is maith liom cáca.

3. A hAon, dó, trí, ceathair, cúig, sé

A hAon, dó, trí, ceathair, cúig, sé
Is maith liom bainne is cupán tae.
Is maith liom úlla is ceapairí
Brioscaí, criospaí is bananaí buí.

4. Teidí beag buí

Teidí beag buí
Ina shuí ar an stól.
Teidí beag buí
Ag ithe is ag ól.
Teidí beag buí
Anseo i do shuí.
Teidí beag buí
Teidí beag buí.

5. Ag déanamh spraoi

A haon, a dó
A haon, a dó, a trí
Caitín beag ina shuí.
A haon, a dó
A haon, a dó, a trí
Caitín beag ag déanamh spraoi.

6. Buail bos

Buail bos
Gread cos
Cas timpeall
Is glac sos.

- Déanann an páiste bualadh bos agus an rann á rá aige/aici.
- Deir an páiste an rann i nguthanna éagsúla (guth feargach/eaglach/áthasach).
- Cuireann an páiste geáitsí leis an rann.
- Déanann an páiste rap leis an rann.

Tá an-chuid rann agus rímeanna eile ar fáil le húsáid sa seomra ranga. Cliceáil anseo.

Tá cnuasaigh bhreátha de rainn ar fáil sna leabhair seo a leanas:

Ní Shúilleabháin, A. (2011). *Bróga Nua*. Forbairt Naíonraí Teoranta: Baile Átha Cliath.
Ní Shúilleabháin, A. (2018). *Bróga Nua 2*. Forbairt Naíonraí Teoranta: Baile Átha Cliath.
Mac Dhonnagáin, T. (2005). *Gugalaí Gug.* An Spidéal: Futa Fata.
Mac Dhonnagáin, T. (2016). *Bliain na nAmhrán*. An Spidéal: Futa Fata.



**Sa Bhaile:** Déanann na páistí scipeáil le téad léimní agus an rann á rá acu. Baineann siad sult as na rainn a rá le duine eile sa teaghlach.

## Seal Scéalaíochta

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, bíonn deis ag na páistí dul i dtaithí ar fhuaimeanna na Gaeilge agus éisteacht le scéalta Gaeilge.**

- Cuireann na múinteoir ceann de na scéalta Gaeilge seo a leanas ar siúl sa seomra ranga agus na páistí ag ithe lóin nó roimh don mhúinteoir an scéal a léamh leis an rang.

## Éist le le scéalta Gaeilge:

Leabhair an Ghúim

Scéalta Béaloidis

Fabhalscéalta Aesop



**Sa Bhaile:** Is féidir leis na páistí éisteacht leis na scéalta seo sa charr nó sa chistin i dteannta le duine fásta.

## Bog Má Tá

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, éisteann na páistí le ráitis agus má tá siad fíor, seasann na páistí suas.**

- Glaonn an múinteoir amach ráiteas, mar shampla., '*Tá sciorta orm.*'
- Má tá sé sin fíor, seasann na páistí suas.
- Leanann an múinteoir ar aghaidh ag glaoch amach ráitis eile, m.sh., '*Tá luiteoga orm.*'
- Feiceann an múinteoir go sciobtha tríd an ngníomhaíocht seo féachaint an dtuigeann na páistí '*sciorta*' agus '*luiteoga*'.
- Mura dtuigeann siad focal faoi leith, is féidir díriú isteach air san ionchur teanga sa Tréimhse Réamhchumarsáide.

De réir mar a théann na páistí i dtaithí ar an ngníomhaíocht, glaofaidh siad amach an ráiteas don rang.

Tar éis tamaill is féidir leo an ghníomhaíocht a imirt go neamhspleách ina ngrúpaí féin.

## Trasnaigh an Seomra

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, éisteann na páistí le ráitis agus má tá siad fíor siúlfaidh siad trasna an tseomra.**

- Seasann na páistí go léir ar thaobh amháin den seomra.
- Glaonn an múinteoir amach ráiteas, mar shampla, 'Is maith liom úlla.'
- Má tá sé sin fíor, siúlfaidh an páiste trasna an tseomra.
- Leanann an múinteoir ar aghaidh ag glaoch amach ráitis eile, mar shampla, 'Is breá liom oráistí.'

*Mura bhfuil spás sa seomra, is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar bhealach eile, mar shampla, 'Lámha suas má tá sé fíor.'

## Spraoi sa Chlós

**Is féidir cluichí beaga a imirt leis na páistí sa chlós le linn corpoideachais nó ag am lóin.**
Tá gníomhaíochtaí don spraoi sa chlós sa treoirleabhar seo a leanas Íoslódáil *Spreag an Ghaeilge le Spraoi* anseo.

## Cluichí Cláir

**Is féidir roinnt cluichí cláir, a bhfuil taithí ag na páistí orthu sa Bhéarla, a imirt as Gaeilge. Tá leagan Gaeilge de roinnt cluichí cláir curtha ar fáil ar Bhileog 5.**



Níl mórán taithí ag páistí ar leabhair Ghaeilge lasmuigh den téacsleabhar scoile cé go bhfuil go leor leabhair bhreátha Ghaeilge scríofa. Tá tacaíocht ag teastáil ó pháistí chun leabhar Gaeilge a roghnú (Dunne agus Hickey, 2017).

## Léimis Linn!

**Cabhraíonn deiseanna léitheoireachta le páistí cur lena líofacht agus lena stór focal, agus taitneamh a bhaint as an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire.**

**Ag brath ar na hábhair ina bhfuil spéis ag an rang, is féidir leabhair faoi leith a roghnú.**
**Bain úsáid as na léirmheasanna agus na treoirleabhair léitheoireachta atá curtha ar fáil ag Leabhair Pháistí Éireann. Cliceáil anseo.**

## Tuile Léitheoireachta

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis leabhar Gaeilge a roghnú agus a léamh ar a luas féin. Roghnaíonn an páiste áit dheas chun an leabhar a léamh.**

- Tógann an múinteoir isteach mála lán le leabhair Ghaeilge. Is feidir úsáid a bhaint as na leabhair a ghabhann leis an tionscadal An Bosca Leabharlainne.
- Tugann an múinteoir cuireadh do na páistí leabhar a roghnú ón mála agus é a léamh aon áit sa seomra ranga ar a luas féin.
- Is féidir leo cúisín nó scairf speisialta a thabhairt isteach le suí air don Tuile Léitheoireachta.
- Nuair atá sé/sí críochnaithe leis is féidir ceann eile a roghnú.
- Déanann an rang é seo cúpla uair go dtí go mbíonn taithí ag na páistí ar leabhair a roghnú agus áit aimsithe acu ina maith leo a bheith ag léamh.

## Lón Léitheoireachta

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis seal a chaitheamh ag léamh le duine eile.**

***Bain úsáid as Bileog 6 mar threoir.**

- Cuireann an múinteoir amach cúpla blaincéad/pashmina agus cuireann pláta páipéir ar gach ceann cosúil le picnic. Cuireann an múinteoir leabhar ar gach pláta agus tugann an múinteoir cuireadh do na páistí suí síos agus 'Lón Léitheoireachta' a bheith acu nó blaiseadh de leabhar leis an duine in aice leo.
- Léann siad an leabhar le chéile ina mbeirteanna.
- Tar éis cúpla 'Lón Léitheoireachta' a dhéanamh, tugann an múinteoir ceistneoir do na páistí faoin taithí léitheoireachta atá faighte acu go dtí seo, agus na leabhair a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo.

## Club Léitheoireachta

**Cabhraíonn club léitheoireachta le páistí taitneamh a bhaint as an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire agus dul i dtaithí ar na leabhair mhaithe Ghaeilge atá ar fáil dóibh.**

- Chun club léitheoireachta éifeachtach a chur ar bun, is fiú an réamhullmhúchán seo a dhéanamh ag an tús. Faigh amach cad iad na cineálacha téacsanna atá léite acu go dtí seo, cad is maith leo, agus cad nach maith leo.

***Bain úsáid as Bileog 6 mar threoir**

- Bain úsáid as léirmheasanna agus treoirleabhair Leabhair Pháistí Éireann chun leabhair a roghnú. Cliceáil anseo.
- Ansin, is féidir leabhar a roghnú le léamh mar rang le chéile.



Tá eiseamláir de chlub léitheoireachta ar fáil ar shuíomh COGG. Cliceáil anseo.

# Cuid 3:
# Ag Ullmhú don Rólimirt



# Cuid 3: Ag Ullmhú don Rólimirt

**Taispeánann taighde atá déanta ar mhúineadh na Gaeilge go bhfuil roinnt réimsí inar féidir feabhas a dhéanamh.**

Ní bhíonn mórán deiseanna ag páistí teanga ó bhéal a úsáid, ná obair ghrúpa agus obair bheirte a úsáid go minic sa cheacht Gaeilge, cé go mbíonn sé seo ar siúl acu in ábhair eile (DE, 2022 DES, 2013; 2018; Devitt, Condon, Dalton, O'Connell & Ní Dhuinn, 2018).

Tá béim ar fhoghlaim ainmfhocal sna cluichí ach níl mórán deiseanna ag páistí an foclóir nua seo a úsáid i gcomhthéacs (DES, 2007).

Bíonn deacrachtaí ag páistí maidir le briathra na Gaeilge a úsáid go cruinn (Harris et al., 2006).

Baineann páistí sult as na cluichí teanga sa cheacht Gaeilge ach níl an sprioc foghlama soiléir i gcónaí (DES, 2005; 2018)

**Sna gníomhaíochtaí seo a leanas, tá deis ag páistí** obair bheirte **a dhéanamh chun** teanga a úsáid **go cruinn agus go muiníneach** i gcomhthéacs**, agus ar mhaithe le** cumarsáid **a dhéanamh** lena gcairde agus lena dteaghlach.

## Rabhlóga

- Léann an múinteoir amach an rabhlóg. Ina mbeirteanna, deir siad an rabhlóg os ard.
- Déanann siad iarracht í a rá chomh tapa agus is féidir.
- Cuireann siad geáitsí léi.
- Déanann  siad bualadh bos agus an rabhlóg á rá acu.

1. *Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.*
2. *Fástar fataí fada go fairsing le feamainn.*
3. *Bhí an bhean bheag bhocht breoite brúite leis an bhfuacht.*
4. *D'ith damh dubh ubh amh ar neamh.*
5. *Meallann muilte Dé go mall ach meallann siad go mion.*

Tá níos mó rabhlóg ar fáil anseo.



**Sa Bhaile:** Déanfaidh an páiste cleachtadh ar an rabhlóg le duine sa teaghlach.

Cuireann an páiste ceist ar an tuismitheoir/gcaomhnóir an bhfuil aon rabhlóg eile ar eolas acu.

## Déan Gáire leis na Jócanna seo!

- Léann an múinteoir amach jóc amháin.
- Ina mbeirteanna, deir siad na jócanna le chéile.
- Ansin, siad iarracht jóc a chumadh don rang.

1. Cnag cnag!
   *Cé atá ann?*
   Neilus?
   *Cé hé Neilus?*
   Níl a fhios agam.

2. Cé mhéad duine a bhíonn i mbriogáid dóiteáin?
   *Naonúr naonúr naonúr!*

3. Céard atá dubh is buí, is dubh is buí, is dubh is buí?
   *Beach ag titim síos an staighre.*

4. Cén t-ainm a thugann tú ar choinín ag caitheamh mufaí cluaise?

   *Aon rud is mian leat! Níl sé in ann tú a chloisteáil!*

5. Cad a thugann tú ar shicín sa seomra ranga?
   *Ar strae!*



**Sa Bhaile:** Deir an páiste an jóc le duine sa teaghlach.
Ansin cumann siad féin jóc nua.

## Smaoinígí ar na Dúcheisteanna seo!

- Léann an múinteoir amach dúcheist amháin.
- Ina mbeirteanna, déanann siad iarracht freagraí a fháil do na dúcheisteanna seo.
- Ansin, déanann siad iarracht ceann a chumadh iad féin don rang.

1. *Tá mé ard nuair atá mé óg. Tá mé íseal nuair atá mé sean.*

   *Cad atá ann?* ____________________________________

2. *Tá lámha orm ach ní féidir liom bualadh bos a dhéanamh.*

   *Cad atá ann?* ____________________________________

3. *Bhí beirt mháithreacha agus beirt iníonacha amuigh le haghaidh lóin. D'ith gach duine ceapaire amháin ach san iomlán ní raibh ach 3 cheapaire ite.*

   Conas sin? ______________________________________

4. *Thit buachaill beag de dhréimire 30 méadar ach ní raibh sé gortaithe.*

   Conas sin? ______________________________________



**Sa Bhaile:** Cuireann an páiste an dúcheist ar dhuine sa teaghlach. Cumann siad dúcheist nua.

## Seanfhocail agus Nua-Fhocail!

- Scríobhann an múinteoir amach seanfhocal amháin ar an gclár bán, mar shampla, 'Níl aon tinteán mar do thinteán féin.' Pléann an rang é.
- Ina mbeirteanna, léann siad na seanfhocail le chéile.
- Ansin, athraíonn siad na focail chun 'nua-fhocail' a chumadh.

1. Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

   Níl aon ________ mar do _______ féin.
2. An rud is annamh is iontach.

   An rud is __________ is ____________.
3. Tús maith leath na hoibre.

   ________ maith leath ________________.
4. Ní thagann ciall roimh aois.

   Ní thagann _________ roimh ___________.
5. Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

   Aithníonn ________ _____________ eile.

**<u>Forbairt:</u> Is féidir leath an tseanfhocail a thabhairt do gach beirt agus iarraidh orthu é a chríochnú.**



**Sa Bhaile:** Insíonn an páiste an seanfhocal agus an 'nua-fhocal' do dhuine sa teaghlach. Cuireann siad ceist ar dhuine sa bhaile an bhfuil aon seanfhocal eile ar eolas acu.

Roghnaíonn siad seanfhocal eile ón suíomh. Breathnaigh ar phóstaeir a chuireann síos ar sheanfhocail. Cliceáil anseo. Pléann siad é agus cumann  siad 'nua-fhocal'.

## Cuir Agallamh ar Dhuine

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, tá bíonn deis ag an bpáiste ceisteanna a chur ar dhuine eile chun níos mó eolais a fháil amach faoin duine sin.**

***Bain úsáid as Bileog 7 mar threoir.**

- Taispeánann an múinteoir an ceistneoir don rang. Léann sé/sí amach na ceisteanna ar fad agus freagróidh sé/sí iad os ard, mar shampla, 'An maith leat brocailí?'
- Tugann an múinteoir ceistneoir amach do gach duine sa rang.
- Roghnaíonn an páiste duine sa rang agus cuireann sé/sí faoi agallamh é/í.



**Sa Bhaile**: Roghnaíonn an páiste duine eile sa teaghlach agus cuireann sé/sí agallamh air nó uirthi.



## Críochnaigh an Abairt

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí deis a dtuairimí a chur in iúl.**

***Is féidir dul siar a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí Seanfhocail agus Nua-Fhocail agus Rainn más maith leat roimh ré.**

***Bain úsáid as Bileog 8 mar threoir.**

- Ar Bhileog 8 tá leathabairtí scríofa. Piocann an múinteoir amach an chéad leathabairt ón mbosca agus críochnóidh sé/sí an abairt, mar shampla, 'Is maith liom...'
- Ansin, casann na páistí timpeall chuig an duine in aice leo agus críochnaíonn siad an abairt.
- Piocann páiste eile amach cárta agus, arís ina mbeirteanna, críochnaíonn siad an abairt.
- Tar éis cúpla cleachtadh, is féidir cúpla cárta a chur ar gach bord agus an cluiche a imirt ina mbeirteanna.

**<u>Forbairt:</u> Is féidir tús seanfhocail nó rainn a scríobh amach agus é a thabhairt do gach beirt agus iarraidh orthu é a chríochnú.**

## Scileanna Comhrá

**Tá fiúntas ag baint leis an rólimirt chun foclóir nua a chleachtadh, ach tá struchtúr an chomhrá de dhíth ar an bpáiste ar dtús. Baineann na gníomhaíochtaí seo le scileanna comhrá a chothú. Anseo thíos tá cur síos ar chluichí ina dtéitear siar ar bhriathra mar go gcabhróidh siad leis an bpáiste tús a chur le go leor abairtí. Tá aimsir faoi leith luaite le gach cluiche ach is féidir aimsir na mbriathra a athrú ag brath ar an méid atá ar siúl sa rang.**

## Tús Abairte

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, tugtar straitéis don pháiste chun dul i dtaithí ar na briathra neamhrialta san Aimsir Chaite a bhíonn go minic ag tús abairte.**

- Tá geáitsí beaga ann do gach briathar.
- Is féidir é seo a chleachtadh mar rang iomlán ar dtús. Ansin, déanann an múinteoir na geáitsí agus deir an rang an rím. Ina dhiaidh sin, malartaíonn sibh róil. Ansin, deir na páistí an rím ina mbeirteanna.

## Druil na mBriathra

| **Briathar** | **Geáitsí** |
|---|---|
| **Chuala mé** | Lámh leis an gcluas |
| **Chonaic mé** | Lámh leis an tsúil |
| **Dúirt mé** | Lámh amuigh ón mbéal |
| **D'ith mé** | Lámh ar an mbéal |
| **Rinne mé** | Dornán ar an lámh eile |
| **Chuaigh mé** | Méara ag siúl ar aghaidh ar an lámh |
| **Tháinig mé** | Méara ag siúl ar ais ar an lámh |
| **Thug mé** | Dhá lámh os do chomhair |
| **Fuair mé** | Dhá lámh ar do bhrollach |
| **Bhí mé** | Gread cos |
| **Rug mé** | Lámha san aer ag breith ar rud |

## Céard a Rinne Tú Aréir?

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann páistí taithí ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt san aimsir chaite.**

***Bain úsáid as Bileog 9 mar threoir.**

- Siúlann na páistí timpeall an tseomra ranga ag cur ceiste ar dhaoine éagsúla. Nuair a fhreagraíonn páiste an cheist, scríobhann sé/sí a (h)ainm ar an mbileog.
- Déanann na páistí arís é ach an uair seo insíonn gach duine bréag.
- An chéad uair eile, caithfidh an páiste a thomhas an bhfuil an freagra fíor nó bréagach.



**Sa Bhaile:** Roghnaíonn an páiste duine eile sa teaghlach agus cuireann sé/sí na ceisteana air nó uirthi.

## Ach, Mar sin

**Sa chluiche seo, baineann páistí úsáid as na briathra san Aimsir Chaite chun scéal a chumadh. Is féidir leo úsáid a bhaint as briathra neamhrialta ón ngníomhaíocht Druil na mBriathra agus as briathra rialta eile atá ar eolas acu.**

- Bíonn beirt ag caint le chéile agus tosaíonn uimhir 1 gach abairt le ‘Ach’ agus tosaíonn uimhir 2 gach abairt le ‘Mar sin’.
- Is féidir an scéal seo a leanas a úsáid mar eiseamláir.

Tús: Tháinig mé ar scoil.

1. **ACH** bhí sí dúnta.
2. **MAR SIN** shiúil mé amach sa chlós.
1. **ACH** thit mé ar an talamh.
2. **MAR SIN** ghlaoigh mé ar chara liom.
1. **ACH** níor phioc sí suas an fón.
2. **MAR SIN** shiúil mé abhaile.

- Iarrann an múinteoir ar na páistí tuilleadh a chur leis an scéal.
- Ansin, tugann an múinteoir tús nua dóibh, mar shampla, ‘Chuala mé an fón ag bualadh.’



**Sa Bhaile:** Roghnaíonn an páiste duine eile sa teaghlach agus déanann sé/sí an comhrá leis an duine sin.

## SNAP

**Is féidir cluiche cártaí a úsáid le go bhfaighidh an páiste cleachtadh ar  na briathra a léamh agus a rá.**

**Sa chluiche seo, faigheann an páiste deis an fhoirm dhearfach (mar shampla, Chuala) agus an fhoirm dhiúltach (mar shampla, Níor chuala) a chleachtadh.**

**Is fiú teanga an chluiche a mhúineadh do na páistí roimh ré, mar shampla, 'Do sheans atá ann', 'Mí-ádh ort!', Maith thú!'**

***Is féidir dul siar ar 'Focail Dheasa' roimh ré más maith leat.**

- Is féidir cártaí a dhéanamh amach leis an bhfoirm dhearfach (mar shampla, Chuala) agus leis an bhfoirm dhiúltach (Níor chuala).
- Cabhróidh sé leis an bpáiste smaoineamh ar bhrí an bhriathair má tá íomhá leis, mar atá thíos.

| | |
|---|---|
| Chuala  | Níor chuala  |

- Suaith na cártaí.
- Roinn na cártaí ar na himreoirí ar fad.
- Agus gach cárta á chur síos aige/aici, léann an páiste amach an briathar.
- Má fheiceann sé/sí an fhoirm dhearfach (mar shampla, Chuala) agus an fhoirm dhiúltach (mar shampla, Níor chuala) i ndiaidh a chéile, déarfaidh sé/sí SNAP! Agus buafaidh sé/sí na cártaí ar fad sa charn.

## Péirí

**Sa chluiche seo, faigheann an páiste deis an fhoirm dhearfach (mar shampla, Chuala) agus an fhoirm dhiúltach (mar shampla, Níor chuala) a chleachtadh.**

- Is féidir na cártaí céanna a bhí in úsáid don chluiche SNAP a úsáid chun Péirí a imirt.
- Suaitheann an páiste na cártaí agus cuireann gach ceann ar an mbord leis an aghaidh síos.
- Iompaíonn an chéad imreoir dhá chárta thart. Léann sé/sí amach os ard iad. Má fhaigheann sé/sí an fhoirm dhearfach (mar shampla, Chuala) agus an fhoirm dhiúltach (m.h., Níor chuala), buann sé/sí an dá chárta sin.
- Bíonn an bua ag an bpáiste leis an líon is mó cártaí ag an deireadh.

## Rí na Líne

**Sa chluiche seo, faigheann an páiste deis ar cheisteanna a fhreagairt san Aimsir Chaite (mar shampla, Ar chuala? Chuala/Níor chuala).**

- Roinneann an múinteoir an rang ina dhá líne. Seasann an múinteoir os comhair na beirte ar bharr na línte.
- Glaonn an múinteoir amach ceist san Aimsir Chaite, mar shampla, 'Ar chuala?'
- Bíonn comórtas idir an bheirt an fhoirm dhearfach (Chuala) agus an fhoirm dhiúltach (Níor Chuala) a rá go gasta.
- Fanann an chéad duine a deir na freagraí i gceart ar bharr na líne, agus téann an dara duine go deireadh na líne.
- Glaonn an múinteoir amach ceist eile san Aimsir Chaite agus bíonn comórtas idir an bheirt nua ar bharr na líne arís an fhoirm dhearfach agus dhiúltach a rá.
- Déantar é cúpla uair go dtí go mbíonn deis ag gach duine cúpla ceist a fhreagairt.


## Cad a Dhéanfaidh Tú Anois?

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí cleachtadh ar an Aimsir Fháistineach agus ar fhreagairt do chásanna éagsúla.**

***Bain úsáid as an Leidchárta (Bileog 10) don Aimsir Fháistineach más maith leat.**

- Taispeánann an múinteoir an chéad chárta don rang leis an bhfadhb 'Tá tú sa bhaile. Cloiseann tú aláram dóiteáin. Cad a dhéanfaidh tú anois?'
- Mar rang, cumfaidh sibh trí rud a dhéanfaidh tú, mar shampla, 'Rithfidh mé amach an doras', 'Cuirfidh mé glaoch ar mo dheirfiúr', 'Rachaidh mé i dtreo na fuaime.' Is féidir na briathra sin a chur ar an leidchárta san Aimsir Fháistineach nó, do ranganna sóisearacha, is féidir na geáitsí a dhéanamh.
- Piocann páiste amháin amach cás nua agus déantar arís é mar rang.
- Ansin, iarrann an múinteoir ar gach beirt rud amháin eile a chur leis an liosta. Roinneann siad a dtuairimí leis an rang.
- **<u>Forbairt:</u> Nuair atá go leor cleachtaidh ag an rang ar an ngníomhaíocht, iarrann an múinteoir orthu an cás a chruthú. Is féidir an struchtúr seo a leanas a úsáid. 'Tá tú sa X agus feiceann/cloiseann tú Y. Cad a dhéanfaidh tú anois?'**
- Nuair atá cás scríofa ag gach beirt ar phíosa páipéir, cuireann an múinteoir iad go léir isteach i mbosca.
- Piocann an múinteoir/páiste amach ceann agus léigh amach é don rang. Casann siad thart chuig duine in aice leo agus cumann siad trí rud a dhéanfaidh siad sa chás seo. Is féidir é seo a dhéanamh ó bhéal.
- Leanann an rang ar aghaidh ag piocadh amach cás nua ón mbosca.

***Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh sa Mhodh Coinníollach freisin.**



## Tuismeá

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste cleachtadh ar thuismeá a léamh agus a chumadh, chun cleachtadh a fháil ar an Aimsir Fháistineach.**

***Bain úsáid as an Leidchárta don Aimsir Fháistineach (Bileog 10) más maith leat.**

- Scríobhann an múinteoir amach an chéad tuismeá ar an gclár bán mar atá san eiseamláir thíos.
- Do na ranganna sóisearacha, déanann an múinteoir na geáitsí.
- Iarrann sé/sí ar an rang dhá abairt eile a chur leis.
- Is féidir liosta de bhriathra cabhracha a chur le chéile ar an gclár bán chun tacú leo tuismeá a scríobh.

*An tseachtain seo…*

1. *Buailfidh tú le seanchara.*
2. *Buafaidh tú duais.*
3. *Caillfidh tú rud éigin luachmhar.*
4. 
5. 




- Ina mbeirteanna, críochnaíonn siad an tuismeá.
- Malartaíonn siad an tuismeá le beirt eile sa rang.

## Rabhlóga a Chumadh (Aimsir Láithreach agus Aimsir Fháistineach)

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis rabhlóg a chumadh san Aimsir Láithreach nó san Aimsir Fháistineach.**

***Is féidir dul siar ar an ngníomhaíocht Rabhlóga más maith leat roimh ré.**

- Roghnaíonn an múinteoir páiste amháin ón rang agus úsáid a (h)ainm don rabhlóg, mar shampla, Fiona.
- Iarrann an múinteoir ar an rang féachaint timpeall an tseomra chun rud a thosaíonn leis an bhfuaim f- a fháil, mar shampla, fuinneog, físeán.
- Roghnaíonn an rang briathar ón liosta thíos agus cumann rabhlóg ghearr, mar shampla, Faigheann Fiona físeán.
- Déanann an rang cleachtadh ar an rabhlóg cúpla uair ag éirí níos tapúla de réir a chéile.
- Iarrann an múinteoir ar an rang aidiacht a chur leis, mar shampla, Faigheann Fiona físeán fada.
- Roghnaíonn an rang páiste eile agus cumann rabhlóg dó/di.

## Jenga sa Mhodh Coinníollach

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis an Modh Coinníollach a úsáid chun freagairt do roinnt cásanna.**




***Cluiche Jenga ag teastáil**

***Oiriúnach do na ranganna sinsearacha**

**Áiseanna:** **Cluiche Jenga**

***Bain úsáid as Bileog 11 Leidchárta don Mhodh Coinníollach.**

- Scríobhann an múinteoir amach liosta de cheisteanna sa Mhodh Coinníollach ar an gclár bán:

Cad a dhéanfá dá bhfeicfeá (ainm duine cáiliúil)?

Cad a dhéanfá dá gcaillfeá (rud speisialta)?

Cad a dhéanfá dá n-íosfá (bia)?

- Mar rang, cumann siad cúpla sampla éagsúil, mar shampla, 'Cad a dhéanfá dá bhfeicfeá Ed Sheeran?' 'Cad a dhéanfá dá bhfeicfeá Uachtarán na hÉireann?'
- Leis an duine in aice leo, cumann gach beirt ceist agus scríobhann siad ar bhloc jenga í.
- Bailíonn an múinteoir na bloic ar fad agus déanann sí túr leo.
- Piocann an múinteoir amach an chéad bhloc agus léann sí an cheist don rang. Ina mbeirteanna, freagraíonn siad an cheist.

***Is féidir leis na páistí an Leidchárta thíos a úsáid le linn an chluiche**.

- An chéad lá eile, iarrann an múinteoir ar gach beirt trí cheist a scríobh ar thrí bhloc éagsúla.
- I ngrúpaí de chúigear/sheisear, imríonn siad an cluiche le chéile. Tógann an chéad imreoir amach bloc. Léann sé/sí an cheist agus freagraíonn sé/sí í.
- Má thógann imreoir amach bloc glan, scríobhann sé/sí ceist air.
- Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go dtiteann an túr síos.




## Leadógfhocal

**Is féidir an cluiche leadógfhocal a imirt chun foclóir a leathnú.**

**Spreagadh:** **Is mór an chabhair na leabhair seo a leanas a léamh agus an cluiche ar siúl. Is féidir leis na páistí breathnú ar leathanach amháin go sciobtha roimh an gcluiche, mar shampla, *Foclóiropedia* le Fatti Burke agus John Burke nó *My Little Album of Dublin* (leabhar dátheangach) le Juliette Saumande.**

- Roghnaíonn an rang téama, mar shampla, Éadaí.
- Féachann an rang ar na héadaí atá á gcaitheamh ag na páistí go léir. Téann siad siar ar an leagan Gaeilge de na héadaí sin ar fad.
- Casann na páistí timpeall chuig an duine in aice leo. Deir an chéad duine focal amháin agus deir an dara duine focal eile a bhaineann leis an téama sin (mar shampla, gúna, riteoga, stocaí, cuaráin)
- Leanann an cluiche ar aghaidh mar sin.

**Forbairt:** **Is féidir an cluiche seo a úsáid chun aidiachtaí a chleachtadh. Roghnaigh téama ón leabhar, mar shampla, Éadaí. Déan liosta de na focail a chuireann síos ar éadaí (mar shampla, fada, oráiste)**



## Bog Más Maith Leat....."

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis freagairt do threoracha.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Bog Má Tá agus Trasnaigh an Seomra' roimh ré más maith leat.**

- Tar éis don rang foclóir a bhaineann le téama a chleachtadh, mar shampla, Bia, is féidir an cluiche seo a imirt.
- Suíonn na páistí i gciorcal. Tugann an múinteoir an chéad treoir: 'Bog más maith leat <u>brocailí</u>.'
- Bogann roinnt páistí agus suíonn siad ar chathaoir nua. Glaonn an múinteoir amach an dara treoir 'Bog más maith leat <u>uibheacha</u>.'
- Tar éis don rang é a imirt cúpla uair, glaofaidh páistí éagsúla amach na treoracha.

**<u>Forbairt:</u> Ansin, athraigh an treoir beagán, mar shampla, 'Bog más fuath leat brocailí', 'Bog más breá leat cairéid.'**


## Contrárthachtaí

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann páistí cleachtadh ar réimse aidiachtaí.**

***Bain úsáid as Bileog 12 mar threoir.**

- Scríobhann an múinteoir amach roinnt aidiachtaí ar chárta. Do na ranganna sóisearacha, cuireann an múinteoir pictiúr leis.
- Piocann an múinteoir amach cárta agus iarrann ar an rang a mhalairt a rá, mar shampla, beag - mór, sean - óg.
- Ina mbeirteanna, faigheann siad carn cártaí. Ar dtús féachann siad ar gach cárta agus deir siad cén aidiacht atá i gceist, mar shampla, mór, sean.
- Ina mbeirteanna ansin, piocann siad amach cárta agus deir siad a mhalairt. Mar shampla, má phiocann siad amach an cárta 'mór', deir siad 'beag'.

**<u>Forbairt:</u> I ngrúpaí de thriúr, faigheann duine amháin an carn cártaí. Léann sé/sí amach cárta. Caithfidh an bheirt eile a mhalairt a rá. An chéad duine a deir an freagra ceart ar dtús, faigheann sé/sí an cárta.**



## Inis Dom Fút Féin

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, déanann an páiste cur síos air/uirthi féin.**

**Is féidir dul siar a dhéanamh ar an gcluiche ‘Contrárthachtaí’ roimh ré más maith leat.**

***Bain úsáid as an liosta aidiachtaí ar Bhileog 12.**

- Ag baint úsáid as an liosta aidiachtaí, críochnaíonn an múinteoir na habairtí thíos.

  *Tá mé X agus Y. Níl mé A ná B. Céard fútsa?*

- Ansin, ina mbeirteanna, déanann gach páiste cur síos air féin.

**<u>Forbairt</u>: Déanann an rang arís é ach an uair seo, inseoidh gach páiste bréag.**

## Cé Atá Ann?

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, déanann an páiste cur síos ar dhuine speisialta ina s(h)aol féin.**

**Is féidir dul siar a dhéanamh ar an gcluiche Inis dom fút féin’ roimh ré más maith leat.**

- Tógann gach páiste isteach grianghraf de dhuine speisialta ina s(h)aol. Déanann sé/sí cur síos ar an duine sin.

  ‘Seo X. Tá sé/sí X agus Y. Níl sé/sí A ná B.’

### Cé atá ann?



# Cuid 4:
## An Ghaeilge agus Bua an Ilteangachais



## Cuid 4: An Ghaeilge agus Bua an Ilteangachais

> *Má bhaintear úsáid as lionsa ilteangach is féidir ceartas sóisialta a chur chun cinn do pháistí ó chúlraí mionteangacha, agus is féidir leis an lionsa seo cur le foghlaim teangacha na bpáistí uile (Ní Dhiorbháin, 2021).*

Labhraíonn formhór de dhaonra an domhain níos mó ná teanga amháin. Léiríonn taighde ar an inchinn gur rud nádúrtha é a bheith dátheangach nó ilteangach (Tedick & Lyster, 2020). Mar a mhaíonn na taighdeoirí sin, tugann an dátheangachas agus an t-ilteangachas léargas dúinn ar theangacha, ar chultúir agus ar dhearcthaí éagsúla.

Thug an tAthair Peadar Ó Laoghaire "an dá airm aigne" (1933), ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, is é sin go dtugann an teanga bhreise bua breise don duine. Sa lá atá inniu ann tá os cionn 200 teanga á labhairt in Éirinn. Ina measc sin tá trí mhionteanga dhúchasacha againn – An Ghaeilge, Caintis agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Cabhraíonn labhairt na Gaeilge leat a bheith mar chuid den phobal comhaimseartha ilteangach agus tugann sé deis duit freisin tuiscint a bheith agat ar stair agus ar shaíocht mhuintir na hÉireann.

Bíonn deiseanna ag páistí na teangacha seo go léir a fheiceáil agus a chloisteáil sa phobal agus bíonn deiseanna acu teangacha breise a fhoghlaim go foirmiúil sa chóras oideachais. Tá gá leanúnach le tarraingt ar bhua an ilteangachais sa seomra ranga.

Díreofar ar na gníomhaíochtaí ilteangacha seo a leanas thíos:

- **Fréamh an Fhocail**
- **Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Caintise**
- **Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Béarla**
- **Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Breatnaise**
- **Ainmneacha Ilteangacha na mBláthanna**
- **Ainmneacha Ilteangacha na bhFéileacán**
- **Ainmneacha Ilteangacha an tSaoil Fothoinn**
- **Seanfhocail na Gaeilge agus Seanfhocail an Domhain**
- **Céad Míle Focal Romhat - Mo Stór Focal Ilteangach**
- **Mo Chumas Ilteangach agus Mo Chorp**

## Mo Chumas Gaeilge agus Mo Chumas Ilteangach




Leagann Cummins (2021) béim ar tharraingt ar chumas ilteangach an pháiste.

Baineann na gníomhaíochtaí thíos leis an mbaint atá idir do chumas sa Ghaeilge agus do chumas ilteangach. Is minic a chabhraíonn do chuid Gaeilge leat, chomh maith leis na teangacha eile atá agat, nuair a thagann tú ar fhocail nua i dteangacha eile.

## Fréamh an Fhocail

**Sa ghníomhaíocht seo, déanann páistí iniúchadh idir na cosúlachtaí atá ann idir focail Ghaeilge agus focail i dteangacha eile.**

Féachann an rang ar an liosta thíos d'fhocail Ghaeilge. Cad is brí leo? An bhfuil na focail cosúil le haon fhocal atá ar eolas agat in aon teanga eile?

| | |
|---|---|
| eaglais | peann |
| trí (3) | scríobh |
| máthair | gúna |
| mé | réigiún |
| scoil | nádúr |
| bád | póca |
| cros | margadh |
| leabhar | sráid |
| litir | smidiríní |

***Tá tuilleadh gníomhaíochtaí mar seo sa leabhar *Taiscéalaithe Teanga* le Francesca La Morgia.**

## Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Caintise

Tá trí mhionteanga dhúchais againn in Éirinn: An Ghaeilge, Caintis agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Baineann na gníomhaíochtaí seo a leanas le feasacht a chothú idir focail Ghaeilge agus focail Chaintise.

Baineann Caintis leis an Lucht Siúil. Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar na cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus Caintis sna háiseanna seo a leanas nó sna leabhair a chuir Kids Own Publishing amach.

Íoslódáil na háiseanna anseo: Áiseanna Caintise


**Spreagcheisteanna**

- Roghnaigh leathanach amháin ón áis ar a bhfuil an focal scríofa i gCaintis.
- Breathnaigh ar an bhfocal i gCaintis. An bhfuil sé cosúil nó difriúil i gcomparáid leis an bhfocal Gaeilge?
- An bhfuil sé cosúil nó difriúil i gcomparáid leis an bhfocal Béarla?
- An bhfuil an focal sin ar eolas agat in aon teanga eile?

**Léitheoireacht Chabhrach**

Is cnuasach scéalta álainn é *Why The Moon Travels* a dhéanann ceiliúradh ar bhua scéalaíochta an Lucht Siúil ó pheann scríbhneora den Lucht Siúil.

Féach ar ainmneacha na gcaibidlí i gCaintis agus i mBéarla i gclár an leabhair.




## Breathnaigh ar theidil na scéalta i mbrollach an leabhair.

**Spreagcheisteanna**

- An bhfuil aon fhocal cosúil nó difriúil i gcomparáid leis an bhfocal Gaeilge?
- An bhfuil aon fhocal cosúil nó difriúil i gcomparáid leis an bhfocal Béarla?
- An bhfuil an focal sin ar eolas agat in aon teanga eile?


**Léitheoireacht Chabhrach**


Iniúchann na trí scéal Gaeilge seo a leanas cultúr an Lucht Siúil:


*An Drúchtín agus an Seilide* le Oein deBhairduin.

*Why the Moon Travels* le Oein deBhairduin.

*Strainséirí* le Colmán Ó Raghallaigh.



## Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Béarla

Tá roinnt difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla. Is fiú deis a thabhairt do na páistí na difríochtaí sin a thabhairt faoi deara agus a phlé.

**Spreagcheisteanna**

- Féach ar an dá abairt seo a leanas: *Chuaigh mé go dtí an siopa. I went to the shop.*
- Cá dtéann an briathar sa Ghaeilge?
- Cá dtéann an aidiacht?
- Cén difríocht atá idir (to be) sa Bhéarla agus sa Ghaeilge?
- Léigh na focail sa tábla thíos  i nGaeilge. Ansin léigh i mBéarla iad.
- Cad í an difríocht idir an fhoghraíocht sa Ghaeilge agus an fhoghraíocht sa Bhéarla?

| |
|---|
| **Teach** |
| **Bean** |
| **Saint** |
| **Beach** |

Féach ar na cleachtaí samplacha eile atá ar fáil sa leabhar [Understanding Irish Spelling](Understanding Irish Spelling).

## Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Breatnaise



Is teangacha Ceilteacha iad an Ghaeilge agus an Bhreatnais agus mar sin tá roinnt cosúlachtaí eatarthu.

**Uimhreacha**

Is féidir do chuid Gaeilge, Béarla agus teangacha eile a úsáid chun cabhrú leat dul i dtaithí ar laethanta na seachtaine sa Bhreatnais.

- Féach ar an liosta d'uimhreacha sa Ghaeilge ar chlé.
- Sa cholún ar dheis, tá liosta d'uimhreacha sa Bhreatnais ach níl siad san ord ceart!
- An bhfuil aon uimhir sa Bhreatnais cosúil le huimhir sa Ghaeilge?
- An bhfuil aon uimhir sa Bhreatnais cosúil le huimhir i dteanga eile?
- Déan iarracht iad a mheaitseáil le chéile.

| | |
|---|---|
| **Aon** | **Pimp** |
| **Dó** | **Un** |
| **Trí** | **Dau** |
| **Ceathair** | **Nau** |
| **Cúig** | **Deg** |
| **Sé** | **Tri** |
| **Seacht** | **Chwech** |
| **Ocht** | **Pedwar** |
| **Naoi** | **Saith** |
| **Deich** | **Wyth** |



## Laethanta na Seachtaine

Is féidir do chuid Gaeilge, Béarla agus teangacha eile a úsáid chun cabhrú leat dul i dtaithí ar laethanta na seachtaine sa Bhreatnais.

- Féach ar an liosta de laethanta na seachtaine sa Ghaeilge ar chlé.
- Sa cholún ar dheis, tá liosta de laethanta na seachtaine sa Bhreatnais ach níl siad san ord ceart!
- An bhfuil aon laethanta na seachtaine sa Bhreatnais cosúil le laethanta na seachtaine sa Ghaeilge?
- An bhfuil aon laethanta na seachtaine sa Bhreatnais cosúil le laethanta na seachtaine i dteanga eile?
- Déan iarracht iad a mheaitseáil le chéile.

| | |
|---|---|
| **Dé Luain** | **Dydd Sadwrn** |
| **Dé Máirt** | **Dydd Llun** |
| **Dé Céadaoin** | **Dydd Sul** |
| **Déardaoin** | **Dydd Mawrth** |
| **Dé hAoine** | **Dydd Gwener** |
| **Dé Sathairn** | **Dydd Mercher** |
| **Dé Domhnaigh** | **Dydd Iau** |

## Gníomhaíochtaí Breise

- Déan taighde ar bhunbhrí laethanta na seachtaine sa Bhéarla. Déan taighde ar bhunbhrí laethanta na seachtaine sa Ghaeilge.
- An bhfuil an leagan Gaeilge cosúil nó difriúil?
- Cad is bunbhrí leis an bhfocal ‘Aoine’? Cad is bunbhrí leis ‘An Chéad Aoine’? Cad is bunbhrí le ‘Idir Aoine’?



## Míonna na Bliana




Is féidir do chuid Gaeilge, Béarla agus teangacha eile a úsáid chun cabhrú leat dul i dtaithí ar mhíonna na bliana sa Bhreatnais.

- Féach ar an liosta de mhíonna na bliana sa Ghaeilge sa cholún ar chlé.
- Sa cholún ar dheis, tá liosta de mhíonna na bliana sa Bhreatnais ach níl siad san ord ceart!
- An bhfuil aon mhí sa Bhreatnais cosúil le mí sa Ghaeilge?
- An bhfuil aon mhí sa Bhreatnais cosúil le hainm mí i dteanga eile?
- Déan iarracht iad a mheaitseáil le chéile.

| | |
|---|---|
| **Eanáir** | **Ebrill** |
| **Feabhra** | **Ionawr** |
| **Márta** | **Mai** |
| **Aibreán** | **Chwefror** |
| **Bealtaine** | **Mawrth** |
| **Meitheamh** | **Tachwedd** |
| **Iúil** | **Mehefin** |
| **Lúnasa** | **Gorffenaf** |
| **Meán Fómhair** | **Hydref** |
| **Deireadh Fómhair** | **Medi** |
| **Samhain** | **Awst** |
| **Nollaig** | **Rhagfyr** |

## Gníomhaíochtaí Breise

- Cad is bunbhrí le "Meán Fómhair"? Cén séasúr ina bhfuil an mhí?
- An bhfuil an leagan Breatnaise cosúil nó difriúil?
- Cad is bunbhrí le "Deireadh Fómhair"? Cén séasúr ina bhfuil an mhí?
- Cad is bunbhrí le "Nollaig"? Cén séasúr ina bhfuil an mhí?

## Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge Mhanann

Tá roinnt cosúlachtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban freisin.

Féach ar an seo faoi pháistí na hÉireann a thug cuairt ar Oileán Manann.

Íoslódáil an t-alt suimiúil anseo.

## Ainmneacha Ilteangacha an Dúlra

Léiríonn taighde ar an dátheangachas go gcabhraíonn sé le tuiscint páistí nuair atá coincheap nó ainm ruda acu i níos mó ná teanga amháin. Cabhraíonn sé leo an choincheap a dhaingniú agus smaoineamh air amach anseo.

Chomh maith leis sin nuair a bhíonn cur amach ag an bpáiste ar an dúlra thart thimpeall orthu, bíonn ceangal níos láidre acu leis (Cronin, 2019).

Bíonn ainmneacha ilteangacha ar na bláthanna, crainn, féileacáin agus dúile beo fothoinn. Is é an téarma Laidine an téarma údarásach maidir le fiadhúlra a chatagóiriú. Sna gníomhaíochtaí seo a leanas, spreagtar páistí chun an téarma i nGaeilge, Béarla, i Laidin, agus in aon teanga eile atá ar eolas acu, a iniúchadh chun foghlaim faoi bhláthanna agus fúthu.

## Ainmneacha Ilteangacha na mBláthanna

Uaireanta tugann an t-ainm Gaeilge ar bhláthanna eolas suimiúil dúinn faoi dhath an bhlátha, faoin gcruth atá air, nó faoin am den bhliain ina bhfásann sé.

Breathnaigh ar na hainmneacha bláthanna seo a leanas:

Cailleach dhearg

Coinneal Mhuire

Cúig Mhéar Mhuire

Fiacla an Leoin

Plúirín Sneachta

Lus an Chrom Chinn

**Spreagcheisteanna**

- Ag breathnú ar an ainm, an bhfuil aon leid ann faoin dath atá air?
- An bhfuil aon leid ann faoin gcruth atá air?
- An bhfuil aon leid ann faoin am den bhliain ina bhfásann sé?
- Anois téigh ar tearma.ie agus breathnaigh ar an leagan Béarla agus Laidine den bhláth.
- An bhfuil aon eolas breise ann faoin dath, faoin gcruth nó faoin am den bhliain ina bhfásann sé?
- An bhfuil ainm an bhlátha sin ar eolas agat in aon teanga eile?
- Féach an bhfuil an bláth sin ag fás i ngairdín na scoile, ar an mbalcóin sa bhaile, i do ghairdín nó sa pháirc áitiúil.
- Tá áis mhaith ar shuíomh Léigh Leat maidir le bláthanna na hÉireann a aithint.



Cliceáil ar an áis mhaith seo faoi bhláthanna na hÉireann anseo.

- An féidir ainm an bhlátha a mheaitseáil leis an bpictiúr?

  Breathnaigh ar fhíseán maith faoi bhláthanna fiáine na hÉireann anseo.


## Léitheoireacht Chabhrach

Tá na scéalta seo a leanas go hiontach mar spreagadh litríochta:

*Gairdín Mháire na mBláth* le Tatyanna Feeney.

*Ag Buzzáil sa Ghairdín* le hÁine Ní Ghlinn.



## Ainmneacha Ilteangacha na bhFéileacán


Sna gníomhaíochtaí thíos, baineann páistí úsáid as a gcuid Gaeilge agus teangacha eile chun níos mó eolais a fháil amach faoi fhéileacáin na hÉireann.

**Spreagcheisteanna**

- An bhfaca tú riamh féileacán? Cá bhfaca tú iad? Cé na dathanna a bhí orthu?
- Breathnaigh ar na hainmneacha seo a leanas:

Gormán Coitinn
Bánóg Mhór
Bánóg Bheag
Bánóg Uaine
Buíóg Ruibheach
Barr Buí
Péacóg

- An bhfuil aon leideanna againn faoi chuma an fhéileacáin san ainm? An bhfuil dath luaite? Cá bhfuil an dath sin ar an bhféileacán? An bhfuil sé mór nó beag?
- Féach ar an leagan Gaeilge agus Béarla den ainm. An bhfuil difríocht idir an dá ainm? (nod: Barr buí/Orange Tip).
- Déan taighde ar mhíniú an leagain Laidine.
- Taispeáin na pictiúir seo a leanas den phóstaer do na páistí ach cuirtear lipéad ar an ainm.
- Déan iarracht an féileacán ceart a mheaitseáil lena (h)ainm.
- An bhfuil ainm an fhéileacáin sin ar eolas agat in aon teanga eile?
- An bhfuil cosúlachtaí nó difríochtaí idir na hainmneacha sna teangacha éagsúla?




Le cead ó Cultúr Club, Conradh na Gaeilge.

Tá an póstaer de fhéicáin dhúchasacha na hÉireann ar fáil ar shuíomh Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Cliceáil ar phóstaer de na féileacáin dhúchasacha anseo.

## Ainmneacha Ilteangacha an tSaoil Fothoinn

Is féidir spéis a chothú maidir leis na dúile beo a bhíonn san fharraige. Tá bileoga spraoi Tuismitheoirí na Gaeltachta agus is féidir iad a úsáid chun an domhan cois farraige agus faoin bhfarraige a iniúchadh.




**Spreagcheisteanna**

- Breathnaigh ar na héisc sa bhileog. An bhfaca tú riamh an t-iasc sin?
- Breathnaigh ar na hainmneacha ar fad atá ar na héisc.
- In amanna tá níos mó ná ainm amháin ar an iasc.
- Cad is brí litriúil an ainm?
- Cén leagan is fearr leat? Cén fáth?
- Breathnaigh ar [tearma.ie](tearma.ie) An bhfuil aon leagan eile ann den ainm?
- An bhfuil ainm an éisc ar eolas agat in aon teanga eile?

Íoslódáil tuilleadh bileoga spraoi ar fáil ar shuíomh Tuismitheoirí na Gaeltachta. Cliceáil anseo.

**Léitheoireacht Chabhrach**

Tá na scéalta seo a leanas go hiontach mar spreagadh litríochta don saol fothoinn agus cois farraige.

*Bodach an Chóta Lachna* le Darach Ó Scolaí.

*Muireann agus na Fharraige Fhiáin* le Andrew Whitson.

Tá na leabhair neamhfhicsin seo a leanas go han-mhaith le níos mó a fhoghlaim faoi ainmhithe na hÉireann.

*Ainmhithe na hÉireann* le Juanita Browne, aistrithe ag Fidelma Ní Ghallchobhair.

## Seanfhocail na Gaeilge agus Seanfhocail an Domhain

Tugann seanfhocail léargas saibhir dúinn ar mheon an phobail. Bíonn leaganacha éagsúla den seanfhocal céanna le fáil ó theanga go teanga in amanna. In amanna eile, baineann an seanfhocal le pobal faoi leith agus déanann sé cur síos ar ghnéithe speisialta de shaol an phobail sin.

Féach ar na seanfhocail seo a leanas.

***Briseann an dúchas trí shúile an chait.***
***Aithníonn ciaróg ciaróg eile.***
***Cuir síoda ar ghabhar ach is gabhar i gcónaí é.***
***Nuair a bhíonn an cat amuigh bíonn na lucha ag rince.***

**Spreagcheisteanna**

- Cad is brí leis an seanfhocal?
- An bhfuil an seanfhocal ar eolas agat sa Bhéarla?
- An bhfuil aon chosúlachtaí idir na seanfhocail sa dá theanga?
- An bhfuil aon difríochtaí idir na seanfhocail sa dá theanga?
- An bhfuil an íomhá chéanna i gceist sa dá sheanfhocal?
- An bhfuil an seanfhocal sin ar eolas agat in aon teanga eile?

**Léitheoireacht Chabhrach**


Tá an leabhar seo a leanas go hiontach maidir le seanfhocail na Gaeilge a iniúchadh:

*Irish Proverbs* le Gary Bannister.

Tá na foinsí seo a leanas go maith do mhúinteoirí atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoin dúlra:

Podchraoladh *Blúiríní Béaloidis*
*32 Words for Field* le Manchán Magan.
*Tree Dogs, Banshee Fingers and Other Irish Words for Nature* le Manchán Magan.







## Céad Míle Focal Romhat - Mo Stór Focal Ilteangach

**Bailíonn na páistí na focail agus frásaí Gaeilge atá ar eolas acu, nó nathanna faoi leith a thaitníonn leo.**

Ar phóstaer mór darbh ainm 'Céad Míle Focal Romhat' scríobhann na páistí na focail agus na frásaí sin. Smaoiníonn na páistí ar na focail ar an bpóstaer agus déanann siad machnamh an bhfuil aon fhocal a eolas acu i dteanga eile.

Déanann siad machnamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na leaganacha éagsúla den fhocal.



**Sa Bhaile:** Bailíonn na páistí focail agus frásaí i dteanga eile a thaitníonn le daoine sa teaghlach. Cuireann siad ceist orthu cén fáth a dtaitníonn an focal nó an frása leo. Faigheann siad amach an leagan Gaeilge den fhocal nó den fhrása.

Is féidir úsáid a bhaint as www.tearma.ie.

## Mo Chumas Ilteangach agus Mo Chorp

Baineann go leor teangacha éagsúla linn. Úsáidimid an Ghaeilge agus an Béarla chun labhairt lenár gcairde, le hamhráin a chanadh agus chun leabhair a léamh. Bainimid úsáid as teangacha eile inár saol laethúil, mar shampla, léimid focail Iodáilise nuair a bhíonn an pianó á sheinm againn nó bainimid úsáid as focail Fhraincise nuair a bhíonn bailé á dhéanamh againn.

Is féidir úsáid a bhaint as an mbileog Inis Dom Fút Féin nó pictiúr a dhéanamh d'imlíne choirp.

Déanann páistí machnamh ar an áit sa chorp ina bhfuil na teangacha éagsúla, mar shampla, an bhfuil an Iodáilis i do mhéara, an Fhraincis i do chosa, nó an Ghaeilge i do chroí?

Cuireann siad isteach na teangacha éagsúla ar an bpictiúr den chorp.

Labhraíonn siad le páistí eile sa rang faoi na teangacha atá ina gcorp.

*Táim buíoch de Miriam Stewart a roinn an ghníomhaíocht ilteangach seo mar chuid d'Fhéile Mother Tongues.

Breathnaigh ar phlé faoin ilteangachas agus an chruthaitheacht anseo.

# Cuid 5:
## An Ghaeilge agus An Saol Inbhuanaithe



## Cuid 5: An Ghaeilge agus an Saol Inbhuanaithe

Téann an meas ar an éagsúlacht sa timpeallacht fhisiceach lámh le lámh leis an meas ar an timpeallacht shóisialta (Cronin, 2019). Ní haon chomhtharlúint go bhfuil sampla den bhitheagsúlacht is leithne ar domhan in Papua New Guinea, áit a bhfuil réimse an-leathan teangacha á labhairt.

Ar mhaithe le saol inbhuanaithe a chothú, caithfear ceangal a chothú idir an duine agus an nádúr thart timpeall orthu. Mar a pléadh sna gníomhaíochtaí thuas, nuair a thugtar ainm an fhéileacáin, an bhlátha nó an éisc don fhoghlaimeoir, chomh maith leis an scéal a bhaineann lena n-ainm, tá ceangal níos mó acu leo. Spreagann sé don fhoghlaimeoir na dúile beo a thabhairt faoi deara sa timpeallacht. Mura bhfeictear na féileacáin, ná bláthanna nó na héisc ina n-áiteanna dúchais is léiriú é sin ar athrú sa timpeallacht.

Tá moltaí maithe sa chlár *Eco Laoch* maidir le haire a thabhairt don timpeallacht.

Breathnaigh ar an gclár *Eco Laoch* anseo.

Cabhraíonn seanfhocail na Gaeilge go háirithe linn aird a dhíriú ar na heachtraí beaga a tharlaíonn ó lá go lá mórthimpeall orainn agus tugann siad comhairle dúinn faoinár dtimpeallacht.

Díreofar ar na gnéithe seo a leanas:

- Seanfhocail Ghaeilge agus Tuiscint don Saol Inbhuanaithe
- Fiosracht agus Fiadhúlra
- Dóchas sa Dúchas: Béaloideas na hÉireann agus Béaloideas an Domhain

## Seanfhocail Ghaeilge agus Tuiscint don Saol Inbhuanaithe

Smaoinigh ar na seanfhocail agus na nathanna cainte Gaeilge seo a leanas:

Tháinig leathchúr na habhann air.
Coiscéim an choiligh.
Comhairle an chait don mhadra.
Moladh luath agus cáineadh mall.
Éist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac.
An té nach gcuirfidh sa earrach ní bhainfidh sé san fhómhar.
Ní fhanann tamall ná trá le haon duine.
Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.
Léim coiligh thar charn aoiligh.
Ní athraíonn an t-éan a chleití sa doineann.
Beagán ar bheagán a d'ith an cat an scadán.
An bhó a chur thar abhainn.
Troid na mbó maol.
Is trom cearc i bhfad.

**Spreagcheisteanna agus Spreag-ghníomhaíochtaí**

- Roghnaigh seanfhocal nó nath cainte ón liosta thuas.
- Mínigh é i d'fhocail féin.
- An bhfuil comhairle sa seanfhocal don lá atá inniu ann?
- Déan pictiúr de bhrí an tseanfhocail nó an natha.
- Glac grianghraf chun an seanfhocal nó an nath cainte a mhíniú.
- Cuir méim le chéile chun an seanfhocal nó an nath a mhíniú.
- Is féidir an ghníomhaíocht Seanfhocail agus Nua-fhocail a dhéanamh chun ábharthacht na seanfhocal don lá atá inniu ann a iniúchadh.

## Fiosracht agus an Fiadhúlra

Tar éis do na páistí blaiseadh beag a fháil den dúlra thart timpeall orthu is féidir fiosracht níos mó a chothú agus iarraidh orthu níos mó a fhoghlaim faoi.

Is féidir an chairt ABC a dhéanamh amach mar rang.

**A**r eolas agam

**B**a mhaith liom foghlaim faoi. (Roghnaíonn na páistí gnéithe eile gur mhaith leo foghlaim fúthu).

**C**ad a d"fhoghlaim mé? (Cuireann siad leis an liosta seo de réir a chéile).

Is féidir teacht ar bhileog shamplach ABC i *Scéalta den Scoth.*

Tá grianghraif spreagúla d'ainmhithe ar fáil ar shuíomh Léigh Anois san áis Greannghrafadóireacht. Is féidir na grianghraif sa chnuasach a úsáid mar spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar na hainmhithe.



Le caoinchead ó Comedy Wildlife 2023 ar fáil ar shuíomh Léigh Anois anseo.

**Spreagcheisteanna**

- An bhfaca tú riamh an t-ainmhí sin?
- Cén t-ainm atá air?
- Cén rud atá ar siúl aige?
- Tar suas le teideal don ghrianghraf.

Breathnaigh ar ghrianghraif spreagúla eile san áis seo a leanas: Greann-ghrafadóireacht.

**Léitheoireacht Chabhrach**

*Ainmhithe na hÉireann* le Juanita Browne, aistrithe ag Fidelma Ní Ghallchobhair.

Tá cur síos ar ghníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh bunaithe ar an leabhar ar fáil i *Scéalta den Scoth*.

## Dóchas sa Dúchas: Béaloideas na hÉireann agus Béaloideas an Domhain




Is fiú breathnú siar ar an ngníomhaíocht Seanfhocail Ghaeilge agus Seanfhocail an Domhain thuas ar dtús.

Cosúil le seanfhocail, bíonn leaganacha éagsúla den scéal béaloidis céanna le fáil ó theanga go teanga in amanna. In amanna eile, baineann an scéal béaloidis le pobal faoi leith agus déanann sé cur síos ar thuiscintí speisialta an phobail as ar eascair an scéal béaloidis.

## Béaloideas na hÉireann agus Tuiscint don Nádúr

Spreagann go leor béaloidis muid le meas a léiriú ar na dúile beo agus an timpeallacht thart timpeall orainn. Baineann na scéalta béaloidis le crainn nó leis an uisce sa tobar, mar shampla. Is fiú an dearcadh béaloidis a iniúchadh taobh le taobh leis an gcur síos eolaíoch ar an tábhacht a bhaineann le gnéithe den nádúr thart timpeall orainn.

Éist leis an bpodchraoladh *Blúiríní Béaloidis* ina bpléann na hagallaithe ábhar béaloidis i gCartlann Chnuasach Béaloidis na hÉireann.

Sna heipeasóidí seo a leanas tá cur síos an mbéaloideas a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas:



An Ghaeilge agus Luibheanna Leighis
An Domhan Neamhfheicthe, Agallamh le Eddie Lenihan
Crainn Dhiaga

## Béaloideas na Gaeilge agus Béaloideas an Domhain

Is féidir an-inspioráid a bhaint as na scéalta béaloidis agus as na teachtaireachtaí atá iontu. Minic go leor pléitear nithe neamhfheicthe thart timpeall orainn agus tá ceacht ann do dhaoine an lae inniu go bhfuil níos mó ar an bpláinéad seo ná daoine agus rudaí is féidir linn a fheiceáil.

Breathnaigh ar scéalta béaloidis na hÉireann. Tá samplaí ar fáil ar

- AskaboutIreland Scéalta Béaloidis
- Léigh Leat FabhalScéalta | Leigh Leat

**Spreagcheisteanna**

- Ar chuala tú riamh scéal mar sin?
- An bhfuil scéal béaloidis mar sin in aon áit eile?


**Léitheoireacht Chabhrach**


*Scéalta le hInsint don Ghealach* le Caoimhe Nic Lochlainn.


Tá na leabhair seo go maith chun béaloideas ó ilchríoch na hAfraice nó ón Ind a iniúchadh:

*Óró na Circíní* le Gabriel Rosenstock.

*An Eala Órga* le Gabriel Rosenstock.



# Cuid 6:
## An Ghaeilge agus Saol Folláin

## Cuid 6: An Ghaeilge agus an Saol Folláin

Is féidir linn tarraingt ar shaíocht na Gaeilge, ar an litríocht a bhaineann léi agus í a úsáid chun tacú linn le saol folláin a chaitheamh.

Díreofar ar na gnéithe seo a leanas:

- Saíocht na Gaeilge an Saol Folláin
- Béaloideas na Gaeilge agus an Saol Folláin
- Sosanna Spleodracha agus Sosanna Suaimhneacha

## Saíocht na Gaeilge an Saol Folláin

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Tarsila Kruse, maisitheoir leabhair do pháistí a thosaigh ar an nGaeilge a fhoghlaim.

"I'm learning Irish and there's a lovely curiosity in how feelings are expressed in the Irish language – a person doesn't 'have a feeling' but a 'feeling is on' that person – it is something that exists outside the body, that comes and goes like the wind.

"That helped me develop the idea that we all carry around feelings and emotions, and much like clouds they sometimes hang right above us. Some are fleeting and light, others are full of thunder and power, therefore I created plenty of those feelings and emotions clouds that we all have."

Tarsila Kruse, Irish Times Deireadh Fómhair 2020

Téigh siar ar an ngníomhaíocht Seanfhocail na Gaeilge agus Seanfhocail an Domhain chun machnamh a dhéanamh ar thuiscintí speisialta eile atá le fáil sa Ghaeilge.

Tá treoir mhaith maith le scéalta Gaeilge a úsáid mar spreagadh chun mothúcháin a iniúchadh ar fáil sa treoirleabhar *Free to Be Me*.

Íoslódáil an treoirleabhar *Free to Be Me* anseo.

## Béaloideas na Gaeilge agus an Saol Folláin

Baineann roinnt scéalta béaloidis na hÉireann le carachtair osnádúrtha: sióga, cailleacha agus na daoine maithe srl. Ní pisreog amháin a bhí i gceist leis na scéalta sin, áfach, is féidir iad a léamh mar mhíniú ar athruithe a tháinig i bpearsantacht duine agus gur dúradh gur thóg na sióga é, mar mhíniú ar dheacrachtaí meabhairshláinte agus eile a tháinig roimh dhaoine. Sa bhéaloideas tarlaíonn na deacrachtaí seo chun cinn mar gheall ar an gcaidreamh atá ag an duine leis an timpeallacht agus ní luíonn an locht leis an duine aonair.

**Léitheoireacht Chabhrach**

Éist leis an bpodchraoladh Blúiríní Béaloidis ina bpléann na hagallaithe ábhar béaloidis i gCartlann Chunasach Béaloidis na hÉireann.

Sna heipeasóidí seo a leanas tá cur síos an mbéaloideas a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas:

Síóga

An Fóidín Meara



## Sosanna Spleodracha agus Sosanna Suaimhneacha

Is féidir gníomhaíochtaí fuinniúla Gaeilge a dhéanamh chun spéis na bpáistí a mhúscailt. In amanna eile, beidh gá le gníomhaíochtaí a thugann deis do pháistí sos a thógáil agus smaoineamh ar a bhfuil ag titim amach san am i láthair, nó gníomhaíochtaí a thugann deis do pháistí a n-aird a dhíriú ar ghníomhaíocht chun go mbeidh taithí acu ar shreabhadh nó 'flow'. Tá na gníomhaíochtaí thíos an-oiriúnach go háirithe agus tú ag aistriú ó cheacht go ceacht

Tá gníomhaíochtaí iontacha ar fáil sna físeáin Sosanna Spleodracha chun tacú leat do chuid Gaeilge a úsáid agus tú i mbun gníomhaíochtaí. Is féidir leis an rang ceann amháin a roghnú agus cúpla nóiméad a chaitheamh air ag tús ceachta, ag deireadh ceachta, nó ag amanna éagsúla le linn an lae.


## Sosanna Spleodracha

Breathnaigh ar na físeáin anseo:
Sosanna Spleodracha - YouTube

Íoslódáil *Spreag an Ghaeilge le Spraoi* anseo:
Spreag an Ghaeilge le Spraoi

Breathnaigh ar fhíseáin de na páistí i mbun na gcluichí clóis seo ar chainéal COGG ar YouTube
COGG - YouTube






## Sosanna Suaimhneacha

Cabhraíonn cleachtaí aireachais le páistí aird a dhíriú ar an am i láthair. Tá go leor cleachtaí breátha Gaeilge ar fáil sa leabhar *Tabhair Aire Duit Féin*.

Is féidir freisin an físeán *Análú Balún* le Myra Zepf a thaispeáint don rang agus an ghníomhaíocht a dhéanamh le chéile.

Breathnaigh ar an bhfíseán anseo.

Cliceáil ar an nuachtlitir choicisiúil faoi chúrsaí folláine darbh ainm Cúig in Airde anseo.

Bealach eile chun sosanna suaimhneacha a shní isteach sa lá scoile ná taithí sreabhadh a chur chun cinn.


- **Seal Scéalaíochta.** Bíonn deis ag na páistí scéal a roghnú agus cúpla nóiméad ciúin a chaitheamh á léamh. Is féidir leis an bpáiste éisteacht le duine eile ag reic an phíosa. Is fiú breathnú ar na moltaí sa rannóg Réidh le Léamh sa leabhrán *Bímis ag Léamh* maidir le spás compordach a chruthú don léitheoireacht.

Íoslódáil an leabhrán anseo: Bímis ag Léamh

- **Féasta Filíochta.** Bíonn deis ag na páistí dán / rap / rann / amhráin a roghnú agus a chleachtadh cúpla uair lena súile dúnta le dul i dtaithí ar rithim an phíosa. Is féidir an dán / rap / rann / amhrán a rá agus buille á choimeád trí bhualadh bos nó liathróid a phreabadh. Is féidir leis an bpáiste éisteacht le duine eile ag reic an phíosa.

  Breathnaigh ar rogha dánta, rann agus amhrán anseo: Padlet COGG

- **Dreas Dathúcháin.** Mar a rinne daoine a bhí ag cóipeáil lámhscríbhinní Gaeilge, bíonn deis ag na páistí am a chaitheamh ag líníocht, ag péinteáil nó dathú isteach. Is féidir leas a bhaint as an leabhar *Aistear tríd an Inchinn*.







- **Ióga.** Bain triail as cúpla cleachtadh ióga. Is féidir úsáid a bhaint as *Diarmuid agus an Mata Yoga*.

Breathnaigh ar rang ióga anseo: [Cúla 4]

## Léitheoireacht Chabhrach

*Déanaimse mo Chion* le Tracy Marsh.

*Éist leis an Spéir* le Elaine Harris agus Emily Veale.

*Tabhair Aire Duit Féin* le Ann Marie Ireland agus Fionnuala Cloke.

## Tapáil

**Is féidir go leor cleachtais bheaga aireachais a dhéanamh trí Ghaeilge leis na páistí. Léann an múinteoir amach na treoracha agus taispeánann sé/sí na cleachtais dóibh.**
**Mo Chumas Gaeilge agus Mo Chumas Ilteangach**

***Is féidir dul siar ar an amhrán Cá bhfuil ordóg?' ar dtús chun dul siar a dhéanamh ar ainmneacha na méar.**

***Is féidir Deir Ó Grádaigh a imirt ar dtús agus na páistí ag déanamh aithrise ar gheáitsí an mhúinteora.**

- Is féidir cleachtas éasca 'Tapáil' a thaispeáint do na páistí.
- 'Tógaigí anáil mhór isteach agus ligigí amach í go mall. Arís go mall.'
- 'Sínígí amach na lámha. Cuirigí síos an ordóg. Cuirigí síos baibín. Cuirigí síos fáinne. Cuirigí suas sínteog agus lárnach.'
- 'Bainimid úsáid as sínteog agus lárnach anois chun tapáil a dhéanamh.'
- Ansin, taispeánann an múinteoir cúpla áit ar an aghaidh do na páistí agus cuireann siad sínteog agus lárnach ann (idir na malaí, ar bhun na malaí, faoi na súile, faoin tsrón, faoin mbéal).
- 'Déanfaimid tapáil ar na háiteanna speisialta seo.' Is féidir leis an rang comhaireamh go ciúin go dtí a deich agus iad ag tapáil ar gach áit speisialta.
- Ag an deireadh, deir an múinteoir 'Tógaigí anáil mhór isteach agus ligigí amach í go mall. Arís go mall.'

**<u>Forbairt:</u> Tá samplaí maithe eile de chleachtais aireachais sa treoirleabhar *Tabhair Aire Duit Féin* le Ann-Marie Ireland agus Fionnuala Cloke.**

**Is féidir cúpla leathanach ó *Éist leis an Spéir* le Elaine Harris a léamh.**

# Cuid 7: Straitéisí Drámaíochta



# Cuid 7: Straitéisí Drámaíochta

> *Tá buntáiste ag baint leis an drámaíocht mar mhodheolaíocht ach uaireanta déanann an cur chuige seo beag is fiú dá ról mar mhodh ealaíne (Dunne, 2015).*

**Sa chuid seo, féachfar ar roinnt straitéisí drámaíochta ag tógáil ar na gníomhaíochtaí agus ar an bhfoclóir a rinneadh i gCuid 1-6.**

**Tá gaol seanbhunaithe nádúrtha idir an Ghaeilge agus na healaíona agus go traidisiúnta baineadh an-úsáid as an drámaíocht agus as an gceol chun an Ghaeilge a mhúineadh.**

**Is rud speisialta é go bhfuil an drámaíocht mar chroí-ábhar ar Churaclam na Bunscoile in Éirinn, agus tá an-chuid buntáistí ag baint leis an drámaíocht d'fhorbairt aeistéitiúil an pháiste.**

**Mar chuid de cheacht Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga, caithfidh aitheantas ceart a thabhairt don ábhar agus don teanga araon. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas bunaithe ar na trí shnáithaonad sa churaclam Drámaíochta agus ar na gnéithe drámaíochta.**

**<u>Snáithe:</u>**

**Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**

**<u>Snáithaonaid</u>**

- **Iniúchadh agus déanamh drámaíochta**
- **Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht**
- **Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta**

**<u>Gnéithe drámaíochta</u>**

| | |
|---|---|
| • Creideamh<br>• Ról agus carachtar<br>• Gníomhaíocht<br>• Suíomh | • Am<br>• Teannas<br>• Brí<br>• Seánra |

**Is féidir dul siar ar na gníomhaíochtaí teanga i gCuid 1-6 roimh na straitéisí drámaíochta seo a dhéanamh de réir mar a oireann sé don rang.**

## Tírdhreach/Fuaimrian

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis roinnt straitéisí neamhlabhartha drámaíochta a chleachtadh.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Suíomh, am**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Samhlú, tobchumadóireacht**

- Deir an múinteoir leis an rang go raibh sé/sí in áit an-speisialta. Déanann sé/sí cur síos air.
- Ansin caithfidh na páistí an áit sin a chruthú sa rang, mar shampla, na cathaoireacha a úsáid mar charraigeacha, cótaí a úsáid mar abhainn.
- Déanann an múinteoir tuilleadh cur síos ar an áit agus caithfidh an rang fuaimrian a chruthú leis na fuaimeanna atá san áit sin, mar shampla, bualadh bos don toirneach.


## Próifíl ar charachtar

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste léargas ar charachtar.**

***Is féidir an ghníomhaíocht 'Cé Atá Ann?' a dhéanamh roimh ré más gá.**

***Is féidir an ghníomhaíocht 'Cuir Agallamh ar Dhuine' a dhéanamh roimh ré más gá.**

***Bain úsáid as Bileog 13 'Inis Dom Fút Féin'**




- Taispeánann an múinteoir grianghraf de dhuine cáiliúil don rang. Tosaíonn an múinteoir ag déanamh cur síos ar an duine seo. 'Tá sí saibhir. Tá sí cáiliúil. Tá sí cineálta.'
- Déanann na páistí pictiúr den duine sin ag léiriú na dtréithe sin.
- Tugann an múinteoir an bhileog Próifíl ar Charachtar don rang agus iarrann orthu tréithe an charachtair sin a scríobh thart timpeall ar an gcorp.
- **<u>Forbairt:</u> Cuireann an páiste duine faoi agallamh. Bain úsáid as Bileog 7. Ansin, cumfaidh sé/sí próifíl bunaithe ar an duine sin.**

## Ní Chreidfeá an Méid a Tharla!

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, tugtar straitéis don pháiste chun cur síos a dhéanamh ar eachtra mhór a thit amach, agus chun freagairt do scéal.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Creideamh, ról agus carachtar**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> Scéal a insint i ról**

**<u>Spreagadh:</u> Tá cúpla pictiúr ag teastáil d'eachtraí éagsúla ar scoil (luch ag rith sa rang, tine sa scoil, timpiste sa chlós)**

***Téigh siar ar 'Druil na mBriathra' roimh ré más gá.**

- Tá geáitsí beaga ann do gach cuid den scéal:

*NÍ chreidfeá an méid a tharla!* (Croith do cheann)
*Ar dtús* (méar amháin a chur suas)
*I bpreab na súl* (bualadh bos)
*Tar éis tamaill* (rólaí pólaí)
*Sa deireadh* (dhá lámh thuas)

- Déanann an múinteoir na geáitsí a chleachtadh leis an rang ar dtús.
- Déanann an múinteoir na geáitsí agus deir an rang an frása. Ansin, déanann siad cleachtadh air ina mbeirteanna.
- Taispeánann an múinteoir pictiúr don rang (luch ag rith sa rang, tine sa scoil, timpiste sa chlós)
- Insíonn an múinteoir an chéad scéal ag baint úsáid as codanna an scéil agus briathar.

*NÍ chreidfeá an méid a tharla!*
*Ar dtús, bhí mé sa seomra ranga.*
*I bpreab na súl, rith luch isteach.*
*Tar éis tamaill, d'ith sí mo lón.*
*Sa deireadh, ghlaoigh mé ar an bpríomhoide.*

- Deir an rang an scéal le chéile agus iad ag déanamh na ngeáitsí.
- Tar éis cúpla cleachtadh, baineann siad triail as ina mbeirteana. Uimhir 1 ag insint an scéil, uimhir 2 ag éisteacht.
- Piocann an múinteoir amach pictiúr eile. Mar rang, cumann siad an scéal:

*Ar dtús*
*I bpreab na súl*
*Tar éis tamaill*
*Sa deireadh*

- Tar éis cúpla scéal a chleachtadh ina mbeirteanna, cuireann an múinteoir cúpla geaitse eile leis. An páiste atá ag éisteacht leis, deir sé/sí na frásaí seo a leanas:

*I ndáiríre!*
*Samhlaigh!*

- Insíonn an múinteoir an scéal agus cuireann an rang isteach na frásaí sin. Ansin déanann siad cleadhtadh air ina mbeirteanna.



## Seafóid!

**Tar éis don rang 'Ní Chreidfeá an Méid a Tharla!' a dhéanamh cúpla uair, is féidir 'Seafóid' a imirt. Bain úsáid as na pictiúir chéanna agus téigh siar ar na frásaí.**

**Gnéithe drámaíochta: Creideamh, teannas**

**Gníomhaíocht drámaíochta: Scéal a insint i ról**

**Spreagadh: Is féidir úsáid a bhaint as na pictiúir chéanna don ghníomhaíocht 'Ní Chreidfeá an Méid a Tharla!' (luch ag rith sa rang, tine sa scoil, timpiste sa chlós)**

- Ar dtús, faigheann uimhir 1 pictiúr amháin agus déanann sé/sí cur síos air ag baint úsáid as na geáitsí do chodanna éagsúla an scéil.

*NÍ chreidfeá an méid a tharla!* (Croith do cheann)
*Ar dtús* (méar amháin a chur suas)
*I bpreab na súl* (bualadh bos)
*Tar éis tamaill* (rólaí pólaí)
*Sa deireadh* (dhá lámh thuas)

- An uair seo, caithfidh gach uimhir 2 ceist a chur ar uimhir 1 le linn dó/di éisteacht leis an scéal.
- Ullmhaíonn an múinteoir cúpla ceist leis an rang roimh ré, mar shampla 'Cén lá a bhí ann?' 'Cá raibh X?' 'Cén fáth a raibh Y ann?'
- Deir uimhir 1 an scéal agus freagróidh gach 2 ('I ndáiríre!' 'Samhlaigh!'). Ansin cuireann uimhir 2 ceist ar uimhir 1.
- Déanann an rang é seo le cúpla pictiúr éagsúil agus cuireann uimhir 2 cúpla ceist éagsúil.
- An chéad uair eile, ní chreideann uimhir 2 an scéal agus deir sé/sí 'Seafóid!' Déanann siad é a chleachtadh mar rang.

**Forbairt: Deir uimhir 2 an 'fíorscéal' bunaithe ar an bpictiúr.**

***Is féidir an suíomh a athrú agus eachtra a roghnú san ionad spóirt nó sa phictiúrlann.**



## Tá Fadhb Agam

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste taithí ar fhadhb a réiteach.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Teannas**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> Scéal a insint i ról, mím**

**<u>Spreagadh:</u> Liosta d'fhadhbanna**

***Is féidir an cluiche Deir Ó Grádaigh a imirt más maith leat dul siar ar bhriathra sa Mhodh Ordaitheach (mar shampla, 'Téigh amach', 'Tóg amach X', 'Cuir glaoch ar Y'.)**

***Bain úsáid as Bileog 14 Leidchárta Comhairle mar threoir.**

- Deir an múinteoir leis an rang 'Tá fadhb agam! (Chaill mé X). An gcabhróidh sibh liom?'
- Taispeánann an múinteoir an Leidchárta Comhairle don rang. Críochnaíonn an rang na habairtí le chéile. 'Téigh chuig... Cuir glaoch ar... Féach sa...'
- Cumann an rang cúpla píosa comhairle don mhúinteoir. Déanann an múinteoir mím do gach píosa comhairle.
- Ansin, mar rang, déanann gach duine mím do gach píosa comhairle.
- Sa deireadh, faigheann an múinteoir an rud a bhí caillte ach deir sí 'Tá fadhb eile agam! Chaill mé X freisin!'
- Arís, caithfidh an rang teacht aníos le comhairle don mhúinteoir.

**<u>Forbairt:</u> Tugann an múinteoir nóta leide do pháiste amháin: 'Chonaic mé do mhála sa charr.' Caithfidh an rang an chomhairle a athrú píosa, mar shampla, 'Téigh go dtí an carrchlós', 'Cuir glaoch ar an tiománaí tacsaí.' Do na ranganna sóisearacha, is féidir pictiúr a úsáid.**

Leanann an múinteoir ar aghaidh ag tabhairt nóta leide nua do chúpla páiste eile chun an scéal a athrú níos mó, mar shampla, 'Chonaic mé Ciara ag siúl amach le d'airgead ina mála.'

***Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le fadhbanna nua, mar shampla, 'Thit mé sa chlós.', 'Fuair mé an lón mícheart.'**



## Cosán Coinsiasa

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí taithí ar chomhairle a thabhairt do charachtar.**

**Gnéithe drámaíochta: ról agus carachtar, creideamh, gníomhaíocht**

**Gníomhaíocht drámaíochta: Cosán coinsiasa, mím**

**Spreagadh: Liosta na bhfadhbanna a úsáideadh don ghníomhaíocht Tá Fadhb Agam.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Tá Fadhb Agam roimh ré más gá.**

- Deir an múinteoir 'Tá fadhb agam!' agus insíonn sé/sí an fhadhb don rang. 'Chaill mé X.'
- Ina mbeirteanna, caithfidh siad teacht aníos le píosa comhairle amháin don charachtar.
- Seasann an rang i gciorcal. Siúlann an múinteoir timpeall an chiorcail agus tabharfaidh na páistí uile comhairle dó/di.
- Roghnaíonn an rang páiste eile agus tagann an páiste sin aníos le fadhb eile.
- Cumann an rang dhá phíosa comhairle an uair seo.
- Siúlann an páiste leis an bhfadhb timpeall an chiorcail ag éisteacht leis an gcomhairle ar fad.
- Piocann an múinteoir trí phíosa comhairle agus déanann an rang mím do na píosaí comhairle sin.

**Forbairt: Caithfidh an rang an chomhairle is fearr a roghnú.**



## Sealchathaoir

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, freagraíonn an páiste i ról.**

**Gnéithe drámaíochta: Ról agus carachtar, creideamh**


**Gníomhaíochtaí drámaíochta: Rianú smaointeoireachta**

**Spreagadh: Is féidir an ghníomhaíocht 'Cosán Coinsiasa' a dhéanamh ar dtús agus ansin suíonn an múinteoir ar an tsealchathaoir.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht 'Céard a Rinne Tú Aréir?' roimh ré más gá.**

- Suíonn an múinteoir ar an tsealchathaoir. 'Go raibh maith agaibh as an gcomhairle sin. Ghlac Elaine leis an gcomhairle. Beidh sí ag teacht anseo go luath agus cuirfimid cúpla ceist uirthi faoi.'
- Mar rang tagann siad aníos le roinnt ceisteanna, mar shampla, 'An bhfaca tú X?' 'An ndeachaigh tú go dtí an siopa?' 'Ar ith tú lón?'
- Tagann an múinteoir amach agus é/í sa ról nua. Is féidir scairf nó hata a chaitheamh le taispeáint gur carachtar faoi leith atá ann.
- 'Dia duit! Is mise Elaine.' Cuireann na páistí ceisteanna ar an gcarachtar.
- Gabhann an múinteoir buíochas leis an rang agus deir sé/sí go bhfuil air/uirthi imeacht.

**Forbairt: Is féidir páistí eile a roghnú chun ról an charachtair a ghlacadh.**



## Mála ar Iarraidh

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí deis smaoineamh ar thréithe carachtair.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar, am, suíomh**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Cruthú carachtair, próifíl ar charachtar**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Cé atá ann? roimh ré más gá. Bain úsáid as Bileog 12 mar chabhair chun aidiachtaí a roghnú.**

***Bain úsáid as Bileog 13 'Próifíl ar Charachtar/Inis Dom Fút Féin' mar threoir.**

- Taispeánann an múinteoir mála scoile don rang. Sa mhála scoile, tá trí earra éagsúla, mar shampla, cóipleabhar, ipod agus grianghraf de dhuine cáiliúil.
- Iarrann an múinteoir ar pháistí éagsúla gach earra a thógáil amach.
- Cuireann an muinteoir cúpla ceist 'Cé leis an mála seo?' 'Cén aois é/í?' 'An maith leis an scoil/ceol srl.?' 'Cathain a chaill se/sí an mála?' 'Ar maidin?' 'San oíche?' 'Cá bhfuil sé/sí ag dul?'
- Is féidir an phróifíl a chruthú mar rang ó bhéal agus ansin is féidir iarraidh orthu an phróifíl a scríobh/pictiúr a dhéanamh den charachtar.
- Roghnaíonn na páistí ainm don charachtar. Scríobhann siad isteach roinnt tréithe atá ag an gcarachtar seo.

**<u>Forbairt:</u> Tar éis an ghníomhaíocht a dhéanamh cúpla uair, is féidir níos mó earraí a chur sa mhála agus ceisteanna eile a chur ar an rang faoin gcarachtar le cur leis an bpróifíl.**

***Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh cúpla uair le málaí daoine éagsúla.**

## Ag Dul ar Thuras

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, samhlaíonn siad áit nua agus ullmhaíonn siad don áit nua.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Suíomh**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> Samhlú**

**<u>Spreagadh:</u> Mála le hearraí ó thír eile (mar shampla An Bhreatain Bheag)**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht 'Tírdhreach/Fuaimrian' a chruthú.**

- Osclaíonn an múinteoir an mála agus tá bratach na Breataine Bige ann agus dragún ann. 'Cá bhfuilimid ag dul?' Taispeánann an múinteoir an Bhreatain Bheag ar léarscáil don rang.
- *Samhlú*. Déanann an múinteoir cur síos ar an áit. 'Cén sórt aimsire atá san áit seo? Cé na foirgnimh atá ann? Cé na daoine ata ann?'
- Ansin cruthaíonn na páistí an áit sin sa rang nó, ina mbeirteanna, déanann siad pictiúr den áit nua.
- Osclaíonn an múinteoir an mála arís. 'Cad eile a chuirfimid isteach sa mhála?'
- Leanann an rang ar aghaidh ag cur rudaí speisialta isteach sa mhála go dtí go ndeir an múinteoir 'Tá an mála lán anois.'

**<u>Forbairt:</u> Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh agus na páistí ag ullmhú d'áiteanna eile agus d'amanna éagsúla na bliana.**

## Turas Traenach/Luas/Bus/ar an Eitleán

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, ligeann an páiste air/uirthi go bhfuil sé/sí ag dul ar thuras. Ullmhaíonn sé/sí a m(h)ála lena scileanna teanga chomh maith. Téann sé/sí i dtaithí ar na gnáthfhógraí a fheiceann siad agus a chloiseann siad ar an mbus/ar an traein/ar an eitleán/ar an Luas.**


**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar, suíomh, gníomhaíocht**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> Íomhá shocair, mím le reacaireacht**

***Téigh siar ar na gníomhaíochtaí An Ghaeilge Mórthimpeall Orm, Beannachtaí na Gaeilge agus Focail Dheasa roimh ré más gá.**

- Taispeánann an múinteoir mála folamh do na páistí. 'Táimid chun an mála seo a phacáil lenár gcuid scileanna teanga.' Osclaíonn sí an mála.
- 'Cad a deirimid nuair a bhuailimid le duine ar an traein?' ('Dia duit!' 'Cén chaoi a bhfuil tú?')
- 'Conas is féidir linn duine a chur ar a c(h)ompord?' ('Tá fáilte romhat! Tá sé an-deas bualadh leat!')
- Tugtar uimhir 1-4 do gach duine sa rang.
- Cuirtear amach sraith cathaoireacha, dhá cheann os comhair dhá cheann mar atá ar an traein. Iarrann an múinteoir ar gach 1 suí síos ar chathaoir fholamh. Iarr ar uimhir 2/3/4 teacht ar bord agus bíonn comhrá beag acu leis an duine in aice leo. (Téigh siar ar na gníomhaíochtaí Beannachtaí na Gaeilge agus Focail Dheasa).
- Glacann an múinteoir ról fhreastalaí na traenach. Nuair atá fógra le tabhairt, buaileann sé/sí clog nó déanann fuaim faoi leith. 'A dhaoine uaisle, táimid ag stad (logainm áitiúil), caithfidh gach uimhir 1 tuirlingt anseo.' Déanann na páistí mím ag fágáil slán lena chéile.
- Déantar é seo cúpla uair ag teacht chuig stadanna éagsúla agus ag iarraidh ar pháistí eile teacht ar bord.
- *Íomhá shocair*. Iarrann an múinteoir ar ghrúpa amháin íomhá shocair a dhéanamh den radharc ar an traein.
- Fad is atá an íomhá shocair á déanamh ag grúpa amháin, féachann an chuid eile den rang uirthi.
- **<u>Forbairt:</u> Is féidir le cúpla duine den ghrúpa atá ag féachaint ar an íomhá duine a roghnú agus an cheist a chur orthu 'Cá bhfuil tú ag dul?' agus 'Cén fáth?'**
- Ag an deireadh, deir an múinteoir go bhfuil an stad deireanach sroichte acu agus gur gá do gach duine tuirlingt.





## Rialacha na Traenach

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, téann na páistí i dtaithí ar rialacha na traenach agus ar na fógraí a chloiseann siad uirthi.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Teannas, ról agus carachtar**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> An múinteoir i ról, ag léamh i ról**

**<u>Spreagadh:</u> Bileog ar a bhfuil ainmneacha na bpáistí, léimchártaí**

***Bain úsáid as Bileog 15 mar threoir.**

- Is féidir tosú leis an ngníomhaíocht Turas Traenach/Luas/Bus/ar an Eitleán.
- Glacann an múinteoir ról fhreastalaí na traenach. Nuair atá fógra le tabhairt, buaileann sé/sí clog nó déanann fuaim faoi leith.
- 'A dhaoine uaisle, tá cúpla riail ar an traein seo.' Léann sé/sí na rialacha amach. Déanann an múinteoir mím do gach riail.

**Rialacha na Traenach/Luas**

- Ná cuir do chosa ar na suíocháin.
- Ná fág bruscar ar an traein.
- Ná bí ag screadaíl.
- Ná suigh i suíocháin atá réamháirithe.
- Tadhall air ar dtús.

- Don riail 'Ná suigh i suíochán atá réamháirithe', scríobhann an múinteoir ainm páiste ón rang ar phíosa páipéir agus cuireann an múinteoir ar shuíochán amháin é. 'Ó tá an suíochán seo *réamháirithe*. An bhfuil cead agamsa suí anseo? An bhfuil cead ag (ainm páiste eile ón rang) suí anseo? Tar anseo, a X. Suigh síos.'
- Don riail 'Tadhall air ar dtús', tógann an múinteoir amach cárta beag glas. Déanann an múinteoir é a thadhall é in aice le bosca agus déanann an múinteoir fuaim 'blíp'.
- Iarrann an múinteoir ar an rang riail eile a chumadh agus scríobhann síos ar an bhfógra é.
- Mar rang, léann siad amach na rialacha cúpla uair i nguth réchúiseach agus ansin i nguth crosta.
- Scríobhann an múinteoir ainm cúpla páiste ar bhileog agus cuireann an múinteoir ar na suíocháin réamháirithe ar an traein iad.
- Iarrann an múinteoir ar gach uimhir 2 teacht ar bord. Ar dtús, déanann siad tadhall air. Téann siad siar ar na rialacha don traein.

**<u>Forbairt:</u> Ansin iarrann an múinteoir ar gach uimhir 3 teacht ar bord ACH deir an múinteoir leo go gcaithfidh siad riail amháin a bhriseadh.**

- Seasann na páistí timpeall ar an traein, nuair a fheiceann siad riail á briseadh glaonn siad an riail amach.
- Tagann freastalaí na traenach ar bord arís. 'A dhaoine uaisle, táimid ag (logainm), caithfidh gach uimhir 2 tuirlingt.'
- Ansin iarrann an múinteoir ar ghrúpa eile teacht ar bord agus riail a bhriseadh. Arís, caithfidh na páistí eile na rialacha a chur i gcuimhne dóibh.
- **<u>Forbairt:</u> Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le rialacha nua.**



## Moill ar an Eitleán

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, téann na páistí i dtaithí ar rialacha an eitleáin agus ar na fógraí a chloiseann siad air.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar, teannas, suíomh**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> Tobchumadóireacht, mím**

**<u>Spreagadh:</u> Mála**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Críochnaigh an Abairt roimh ré más gá.**

- Is féidir tosú leis an ngníomhaíocht Turas Traenach ach é a chur in oiriúint don eitleán.
- Glacann an múinteoir ról an aeróstaigh. Nuair atá fógra le tabhairt, buaileann sé/sí clog nó déanann fuaim faoi leith. ‘A dhuine uasail, tá fáilte romhat ar bord. Suigh síos anois ach ná suigh i suíochán réamháirithe.’
- Iarrtar ar na páistí casadh timpeall chuig an duine in aice leo agus comhrá beag a bheith acu lena chéile. (Téigh siar ar na gníomhaíochtaí: Beannú do Dhuine agus Focail Dheasa).
- Insíonn an múinteoir scéal agus déanann na páistí mím bunaithe air. ‘Tháinig na paisinéirí ar fad ar bord. Ansin chuala siad an píolóta ag rá go raibh moill ar an eitilt agus bhí gach duine crosta.’
- Iarrann an múinteoir orthu an comhrá céanna a dhéanamh lena chéile ach an uair seo, tá gach duine crosta.
- Insíonn an múinteoir scéal agus déanann na páistí mím bunaithe air. ‘D’fhan na paisinéirí. D’fhan siad agus d’fhan siad tamall eile. D’éirigh gach duine tuirseach.’
- Iarrann an múinteoir orthu an comhrá céanna a dhéanamh lena chéile ach an uair seo, tá gach duine tuirseach.
- Insíonn an múinteoir an chuid eile den scéal agus déanann na páistí mím bunaithe air. ‘Chuala na paisinéirí an píolóta arís agus dúirt sé go raibh gach duine chun cáca a fháil saor in aisce. Bhí gach duine an-sásta.’
- Iarrann an múinteoir orthu an comhrá céanna a dhéanamh lena chéile ach an uair seo, tá gach duine áthasach.
- Tugann an múinteoir amach leathabairt do gach duine ar bord agus críochnaíonn siad an abairt leis an duine in aice leo.
- Faoi dheireadh, deir an múinteoir ‘Tá an t-eitleán réidh anois! Ar aghaidh linn!’

***Is féidir an suíomh seo a athrú agus scuaine san ollmhargadh/sa phictiúrlann/sa pháirc a bheith ann.**

Is féidir leis an bpáiste roinnt scileanna teanga atá aige/aici a thraschur chuig teanga eile (Curaclam Teanga na Bunscoile, 2019). Cabhraíonn sé leis an bpáiste má tá cosúlachtaí idir na teangacha atá á bplé.

## Scileanna Gaeilge a Phacáil (An Bhreatain Bheag)

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, téann an rang ar thuras go dtí an Bhreatain Bheag. Baineann siad úsáid as a gcuid Gaeilge chun fógraí Breatnaise a léamh agus iad ar thuras ann.**



**Gnéithe drámaíochta: Suíomh, ról agus carachtar**

**Gníomhaíochtaí drámaíochta: Tobchumadóireacht**

**Spreagadh: Fógraí Breatnaise (fógraí bóthair, biachlár)**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Ag Dul ar Thuras ar dtús.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Ní Chreidfeá an Méid a Tharla! roimh ré más gá.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Fréamh an Fhocail.**

- Tógann an múinteoir amach mála. 'Ar dtús cuirfimid isteach ár gcuid Gaeilge.' Taispeánann an múinteoir cúpla pictiúr do na páistí: trá, caifé, tae, cáca blasta. 'Cén Ghaeilge atá ar na rudaí seo?'
- Téann na páistí ar an mbád. 'Ar aghaigh linn anois.'
- 'A dhaoine uaisle, táimid ag Caergybi/Holyhead anois. Ba mhaith linn dul go dtí an trá. Cá bhfuil sí?'
- Taispeánann an múinteoir na fógraí Breatnaise don rang nó scríobhtar iad ar an gclár bán. Cad is brí leis an gceann seo Traeth?' (trá). Leanann an rang an comhartha sin.
- 'Ó tá ocras orm. B'fhéidir go mbeidh cupán tae agus cáca againn ar dtús.'
- Taispeánann an múinteoir an biachlár dóibh nó scríobhann an múinteoir na focail 'te' agus 'coffi' ar an gclár bán. 'An bhfuil tae ar an mbiachlár?' 'An bhfuil caifé ar an mbiachlár?'
- Ligeann an múinteoir anois air/uirthi gur custaiméir é/í. 'Tógaim plaic as an gcáca. Mmm blasus!'
- Ansin cuireann an múinteoir an cheist ar an rang 'An bhfuil an cáca sin blasta nó míbhlasta?' 'Tá roinnt den teanga anseo sa Bhreatain Bheag cosúil leis an nGaeilge, nach bhfuil?'
- Ina mbeirteanna sa chaife, is féidir leo 'Ní Chreidfeá an Méid a Tharla!' a dhéanamh ag smaoineamh ar eachtra a tharla ar an mbád.

**Forbairt: Sa bhaile déanann siad taighde ar aon fhocail eile atá cosúil lena chéile sa Ghaeilge agus sa Bhreatnais. Téigh siar ar Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Breatnaise.**

***Tá tuilleadh gníomhaíochtaí mar seo sa leabhar *Taiscéalaithe Teanga* le Francesca La Morgia.**

## Scileanna Gaeilge a Phacáil (Albain)

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, téann an rang ar thuras go hAlbain. Baineann na páistí úsáid as a gcuid Gaeilge chun fógraí Gaidhlige a léamh.**

**<u>Spreagadh:</u> Fógraí Gaidhlige**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Suíomh, ról agus carachtar**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Samhlú, ag scríobh i ról**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht 'Ach, Mar Sin' roimh ré más gá.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht 'Fréamh an Fhocail'.**

- Osclaíonn an múinteoir an mála agus tá bratach na hAlban ann. 'Cá bhfuilimid ag dul?' Taispeánann an múinteoir Albain ar léarscáil don rang.
- *Samhlú*. Déanann an múinteoir cur síos ar an áit. 'Cén sórt aimsire atá san áit seo? Cé na foirgnimh atá ann? Cé na daoine atá ann?'
- 'Ar dtús cuirimid isteach ár gcuid Gaeilge.' Taispeánann an múinteoir cúpla pictiúr do na páistí: eaglais, sráid. 'Cén Ghaeilge atá ar na háiteanna seo?'
- Téann na páistí ar an eitleán/ar an mbád. 'Ar aghaidh linn anois.'
- Tagann na páistí amach ón eitleán/ón mbád. 'Cuirfimid ceist ar chúpla duine cá bhfuil an eaglais' Cuireann an múinteoir a lámh lena c(h)luas. Ó tá teanga eile á labhairt anseo.'
- Scríobhann an múinteoir na focail seo a leanas ar an gclár bán. 'Eaglais', 'Sràid, 'Pàirc' 'Cad iad na háiteanna seo? An bhfuil siad cosúil leis an nGaeilge?'
- Ansin, ina mbeirteanna is féidir leo 'Ach, Mar sin' a imirt ag tosú leis an gcéad líne 'Tháinig mé go hAlbain.'

**<u>Forbairt:</u> Ag scríobh i ról. Nuair a thagann na páistí ar ais ón turas, is féidir leo cárta poist a chur chuig duine sa bhaile.**

**<u>Forbairt:</u> Sa bhaile déanann siad taighde ar aon fhocail eile atá cosúil lena chéile sa Ghaeilge agus sa Ghaidhlig.**

***Is féidir tír/áit eile a roghnú agus déanann na páistí taighde ar dtús faoin teanga/na teangacha atá á labhairt ann.**

***Tá tuilleadh gníomhaíochtaí mar seo sa leabhar Taiscéalaithe Teanga le Francesca La Morgia.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Fréamh an Fhocail. Léigh an t-alt arís Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban.**



## Casadh sa Scéal

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann páistí cleachtadh ar rólimirt shimplí agus ar an tobchumadóireacht.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar, suíomh, am, creideamh**

**<u>Gníomhaíocht drámaíochta:</u> Leideanna, samhlú**

**<u>Spreagadh</u>: Bileog 16 Casadh sa Scéal**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Beannachtaí na Gaeilge roimh ré más gá.**

***Téigh siar an ngníomhaíocht Céard a Rinne Tú Aréir? roimh ré más gá.**

***Is féidir na cártaí ón ngníomhaíocht Cad a Dhéanfaidh Tú Anois? a úsáid mar spreagadh.**

- Tosaíonn an múinteoir ag déanamh cur síos ar eachtra, mar shampla, 'Tá tú sa chlós ar maidin agus tá tú ag spraoi.'
- Tá ar na páistí an radharc sin a chruthú. Is féidir leo earraí an tseomra ranga a úsáid chun an áit a chruthú.
- 'Tá sé fliuch fuar.' Déanann na páistí mím.
- 'Feiceann tú cara leat ag siúl isteach.' Déanann na páistí mím bheag agus an múinteoir ag caint.
- 'Casaigí timpeall chuig an duine in aice libh agus beannaígí dóibh.'
- 'Ní fhaca tú do chara le tamall. Cuir ceist air nó uirthi an bhfuil aon scéal aige/aici.'
- 'Fág slán le do chara agus ar aghaidh leat chun caint le duine nua.' Déantar é seo cúpla uair.
- Ansin, tugtar cárta le 'Casadh sa Scéal' do dhuine sa ghrúpa, mar shampla 'Tá an scoil dúnta inniu.' Scaipeann an páiste sin an scéal nua i measc na bpáistí.
- Leanann na páistí orthu ag caint ansin faoin scéal nua seo.
- Tugtar cárta eile le 'Casadh sa Scéal' do dhuine eile sa ghrúpa, mar shampla, 'Tá Uachtarán na hÉireann ag teacht ar cuairt.'
- Arís, leanann na páistí orthu ag caint ansin faoin scéal nua seo.
- Ag an deireadh deir an múinteoir 'Bhuail an clog agus bhí sé in am do na páistí teacht isteach sa seomra ranga.' Déanann siad mím de shlán a fhágáil lena chéile.

***Is féidir an suíomh a athrú don chéad uair eile, mar shampla, an t-ollmhargadh, an linn snámha, an phictiúrlann.**

## Ráflaí

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, bíonn deis ag páistí scéal a chumadh bunaithe ar eachtra.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Creideamh, ról agus carachtar**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Tobchumadóireacht**

**<u>Spreagadh:</u> Na pictiúir ón ngníomhaíocht Ní Chreidfeá an Méid a Tharla!**

***Téigh siar ar Druil na mBriathra roimh ré más maith leat.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Ní Chreidfeá an Méid a Tharla! ar dtús más gá.**

- Múineann an múinteoir na frásaí seo a leanas do na páistí ar dtús 'Cogar!' 'Goille!' 'Seo an méid an méid a chuala mé!' Déantar le geáitsí iad.
- Ag cogar, insíonn an múinteoir an chéad ráfla don rang.
  *Cogar! Ní chreidfeá an méid a chuala mé.*
  *Ar dtús, bhí Ciara sa chlós.*
  *I bpreab na súl, chonaic sí veain ag teacht.*
  *Tar éis tamaill, rith sí as an mbealach.*
  *Sa deireadh, bhí sí slán sábháilte.*
- Féachann an rang ar an bpictiúr céanna ach tagann siad aníos le ráfla eile.
- Tar éis don rang cúpla ráfla a ullmhú le chéile, taispeánann an múinteoir pictiúr dóibh agus ina mbeirteanna tagann siad aníos le ráfla.
- Nuair atá ráfla ullmhaithe ag gach beirt, seasann gach duine suas agus siúlann siad timpeall an tseomra ranga. Nuair a bhuaileann an múinteoir bos, stopann siad os comhair duine nua agus inseoidh siad an ráfla trí chogar.



# Cuid 8:
## Scéalta Gaeilge a Úsáid mar Spreagadh don Drámaíocht



# Cuid 8: Scéalta Gaeilge a Úsáid mar Spreagadh don Drámaíocht

**Sna gníomhaíochtaí seo a leanas, faigheann an páiste cleachtadh ar ghníomhaíochtaí drámaíochta a bhaineann le scéal atá á léamh ag an rang. Le blianta beaga anuas, tá borradh ar na leabhair iontacha Ghaeilge atá ar fáil don aos óg agus is mór an spreagadh iad do cheachtanna drámaíochta. Is smaointe ginearálta atá thíos gur féidir a úsáid le go leor leabhair éagsúla.**

**Chun leabhar a roghnú, breathnaigh ar na léirmheasanna ar shuíomh Children's Books Ireland nó sna treoirleabhair léitheoireachta Rogha Leabhar/Inis Reading Guide. Cliceáil anseo.**

## Éisteacht Ghníomhach

**Sa ghníomhaíocht seo a leanas, faigheann na páistí deis freagairt do scéal.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Tuismeá chun na briathra san Aimsir Fháistineach a chleachtadh roimh ré más gá.**

- Múineann an múinteoir na comharthaí seo a leanas do na páistí:

*C leis an lámh - Tá ceist agam*

*T leis an lámh - Tá tuar agam*

- Tosaíonn an múinteoirag léamh an scéil agus iarrann orthu a lámh a chur suas le 'C' nó 'T' nuair atá ceist nó tuar acu.
- Baineann an rang úsáid as an leidchárta ar a bhfuil na briathra san Aimsir Fháistineach don ghníomhaíocht seo.

**Forbairt: Imir 'Cé hé/hí seo?' arís agus an uair seo, iarr ar na páistí tuar a dhéanamh.**

***bunaithe ar Ní Shiúrtáin. Léigh an t-alt anseo.**

## Próifíl ar Charachtar

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste léargas ar charachtar.**

***Is féidir an ghníomhaíocht Cé hé/hí seo? a dhéanamh roimh ré más gá.**

***Bain úsáid as Bileog 12 Aidiachtaí/Contrárthachtaí.**

- Tar éis scéal a léamh nó a insint don rang, iarrann an múinteoir ar na páistí carachtar amháin a roghnú ina mbeirteanna.
- Tugann an múinteoir an bhileog Próifíl ar Charachtar don rang agus iarrann orthu tréithe an charachtair sin a scríobh thart timpeall ar an gcorp.

**Forbairt: Roghnaíonn gach beirt carachtar eile atá an-difriúil ón gcarachtar seo. Déanann siad próifíl ar an gcarachtar sin.**

## An Carachtar ar an tSealchathaoir

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis ar ról an phríomhcharachtair a ghlacadh.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta</u>: Ról a ghlacadh**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Cad a Rinne Tú Aréir? roimh ré más gá.**

- Roghnaíonn an múinteoir páiste chun ról an phríomhcharachtair a ghlacadh.
- Cuireann an rang cesteanna air/uirthi.

## Críochnaigh Comhrá an Charachtair

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis ról an phríomhcharactair a ghlacadh.**

***Téigh siar ar an ngníomaíocht Críochnaigh an Abairt roimh ré más gá.**

***Bain úsáid as Bileog 8 Críochnaigh an Abairt.**

- Roghnaíonn an rang carachtar ón scéal.
- Piocann an múinteoir amach leathabairt, mar shampla, 'Is fuath liom...' Mar rang, smaoiníonn siad ar an méid a deir an carachtar sin.

## Cuimhne an Charachtair

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann an páiste deis cuimhne an phríomhcharachtair a insint.**


**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar, suíomh, am**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Ról a ghlacadh**

***Téigh siar ar na briathra san Aimsir Chaite roimh ré más gá.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Ní Chreidfeá an Méid a Tharla! roimh ré más gá**

- Roghnaíonn an rang carachtar amháin ón scéal (b'fhéidir an ceann a ndearnadh próifíl air.)
- Mar rang, roghnaíonn siad rud amháin speisialta a tharla don charachtar sa scéal.
- Ar dtús, glacann duine amháin ón mbeirt ról an charachtair sin agus beannaíonn sé/sí don duine eile. 'Dia duit, is mise X.'
- Roinneann an carachtar an chuimhne leis an duine in aice leis/léi. 'Ní chreidfeá an méid a rinne mé!' 'Ar dtús..' 'I bpreab na súl' agus 'Faoi dheireadh'.



## Rianú Smaointeoireachta

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí taithí ar smaointe agus ar chuimhní an charachtair a iniúchadh.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar, creideamh**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Rianú smaointeoireachta**

**<u>Spreagadh:</u> Leabhar do pháistí**

***Téigh siar ar Druil na mBriathra más gá.**

***Bain úsáid as Bileog 17 Bolgán Smaointeoireachta.**

- Tar éis scéal a léamh leis an rang, osclaíonn an múinteoir an leabhar ar leathanach faoi leith. Cuireann an múinteoir an bolgán smaointeoireachta os cionn carachtar amháin más pictiúrleabhar atá ann nó scríobhann ainm an charachtair ar an gclár bán. 'Céard air a bhfuil sé/sí ag smaoineamh?'
- 'Bhí mé sa... Chonaic mé.. Chuala mé...'
- Ina mbeirteanna, tógann siad amach an phróifíl ar charachtar agus cuireann siad an bolgán smaointeoireachta os a chionn. Deir siad nó scríobhann siad amach smaointe an charachtair sin.

  (Má dhéantar an bhileog a lannú, is féidir í a úsáid arís is arís eile. Scríobh uirthi le marcóir agus glan í le flocas cadáis).



## Comhrá idir Beirt Charachtar

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí taithí ar chomhrá a fhorbairt idir beirt charachtar.**

**<u>Gnéithe drámaíochta:</u> Ról agus carachtar**

**<u>Gníomhaíochtaí drámaíochta:</u> Ag glacadh róil**

**<u>Spreagadh:</u> Pictiúrleabhar/leabhar do pháistí /pictiúr**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Beannachtaí na Gaeilge más gá.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Cad a Rinne Tú Aréir? más gá.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Ní Chreidfeá an Méid a Tharla! más gá.**

***Bain úsáid as Bileog 17 Bolgán Cainte.**

- Tar éis scéal a léamh leis an rang, osclaíonn an múinteoir an leabhar ar leathanach ar a bhfuil beirt charachtar ag caint.
- Cuireann an múinteoir an dá bholgán cainte ar an gclár bán agus scríobh ainm na beirte carachtar orthu. 'Cad atá á rá acu?'
- Ar dtús, beannaíonn na carachtair dá chéile.
- Ansin, cuireann an chéad charachtar ceist ar an dara ceann. Cumann an rang an cheist.
- Freagraíonn an dara carachtar don mhéid a deir sé. Cumann an rang an fhreagairt (mar shampla, 'I ndáiríre! Samhlaigh!').
- Fágann na carachtair slán lena chéile.
- Ina mbeirteanna, déanann siad cleachtadh ar an gcomhrá.
- Tar éis cúpla cleachtadh, is féidir cur leis an gcomhrá. Insíonn carachtar 1 scéal do charachtar 2 ag baint úsáid as codanna den scéal - 'Ar dtús, I preab na súl, tar éis tamaill, sa deireadh.'
- Déanann na páistí an comhrá a chleachtadh leis an múinteoir ar dtús. Glacann an múinteoir ról A agus an rang ar fad mar B ag freagairt don scéal ('I ndáiríre!' 'Samhlaigh!'). Ansin, malartaíonn siad róil.

**<u>Forbairt:</u> 'Is féidir 'Ráflaí' a imirt. 'Seo an méid a chuala mé!' Mar chuid den ghníomhaíocht seo, athinsíonn an páiste an scéal do dhuine eile.**



# Cuid 9: Léirsmaoineamh ar Dhráma



# Cuid 9: Léirsmaoineamh ar Dhráma

**Sa chuid seo, féachfar ar bhealaí le cabhrú le páistí aischothú a thabhairt faoi léiriú a chéile.**

***Téigh siar an ngníomhaíocht Focail Dheasa ar dtús.**

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht Tá Fadhb Agam roimh ré.**

Is gá atmaisféar sábháilte a chruthú nuair atá páistí i mbun drámaíochta. Cabhraíonn sé leis an rang uaireanta conradh drámaíochta a chruthú ar dtús ina bhfuil na buntuiscintí don cheacht drámaíochta. Is féidir úsáid a bhaint as Bileog 18 mar threoir agus cur leis.

Is gné thábhachtach den drámaíocht í an fhreagairt don drámaíocht agus féachfar anois ar bhealaí dearfacha chun 'ceisteanna cineálta' a chur.

## Tuiscintí Ginearálta

Tá **cúpla cleachtadh** ag teastáil ó pháistí sula mbíonn siad in ann an dráma a chur ar siúl os comhair an ranga. Is fiú, mar sin, ligean dóibh é a chleachtadh ar dtús mar ghrúpa agus ina dhiaidh sin é a thaispeáint do ghrúpa amháin eile. Ar an gcaoi sin, bíonn cúpla dráma ar siúl sa rang ag an am céanna.

Mar thimpeallán, bogann siad timpeall á léiriú do ghrúpaí difriúla agus ag breathnú ar dhráma an ghrúpa eile. Gach uair a dhéanann siad **gach cleachtadh**, tugann an múinteoir **treoir faoi leith** dóibh, mar shampla, 'Dírigh ar chaint an-soiléir an uair seo.'

Nuair atá dóthain cleachtaidh déanta ag na grúpaí, féachann an rang ar chúpla grúpa. **Fanann na haisteoirí san áit a bhfuil siad** ar an 'ardán' a chruthaigh siad agus bogann an 'lucht féachána' nó an rang chucu. Déantar é seo le go mbíonn na haisteoirí níos compordaí san áit ina ndearna siad an dráma a chleachtadh.

## Aischothú a thabhairt do na haisteoirí

Féachann an lucht féachana ar an dráma agus bíonn cead acu **cúpla ceist chineálta** a chur. 'Cén fáth a raibh X sa chúinne?' 'Cad a tharla roimh ré?'

Ansin, bíonn cead ag an lucht féachana **dhá rud a thaitin leo** faoin dráma a rá. 'Is maith liom...' 'Thaitin X liom', 'Is breá liom...'

Sa deireadh, bíonn cead ag an lucht féachana **comhairle chineálta** a thabhairt, mar shampla 'Déan an mhím ag an tús', nó 'Cuir ceol leis an dara cuid.' Cinnteoidh an múinteoir go bhfuil an chomhairle cothrom ach **is faoi na haisteoirí atá sé glacadh nó gan glacadh leis an gcomhairle**.

*B'fhiú féachaint ar *The Art of Drama in Education: A Drama Education Resource Pack* le Dorothy Morrissey.

# Cuid 10: Áiseanna Drámaíochta



# Cuid 10: Áiseanna Drámaíochta

## Fíordhrámaí Gaeilge

Tá réimse de dhrámaí scríofa do dhaoine óga agus tá treoirleabhair dhrámaíochta curtha ar fáil. Is fiú am a chaitheamh ag breathnú ar struchtúr na ndrámaí, mar shampla, an treoir stáitse agus cad is brí leis.

Is féidir dráma a léamh leis an rang agus roinnt de na gníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe orthu.

*Déan Dráma 1* le Fil Uí Dhubhghaill agus Mícheál Ó Dubhghaill

*Déan Dráma 2* le Fil Uí Dhubhghaill agus Mícheál Ó Dubhghaill

*Tríocha Dráma do Pháistí Bunscoile* le Nóirín Ní Nuadháin

Scripteanna an Chumainn Scoildrámaíochta. Cliceáil anseo.

Drámaí a roinn múinteoirí leis an Áisaonad. Cliceáil anseo.

An tsraith *Labhraígí Amach* de chuid an Áisaonaid. Cliceáil anseo.

# Cuid 11:
# Bileoga Oibre



# Cuid 11: Bileoga Oibre

Tá bileoga oibre do ghníomhaíochtaí áirithe curtha ar fáil sa chuid seo. Is féidir iad a úsáid mar threoir agus cur leo, de réir mar a oireann don rang.

## Bileog 1: An Ghaeilge Mórthimpeall Orm

Tóg ceamara nó fón leat timpeall na scoile. Glac grianghraf d'aon fhógra Gaeilge, déan pictiúr de, nó scríobh amach an fhoclaíocht. Nuair a thagann sibh ar ais chuig an seomra ranga, líon isteach an bhileog thíos.

| Fógra Gaeilge | Cá bhfuil sé? | Cad is brí leis? |
|---|---|---|
| | | |

## Bileog 2: An Ghaeilge Mórthimpeall Orm sa Bhaile

Tóg ceamara nó fón leat agus siúil timpeall do cheantair. Is féidir é seo a dhéanamh le duine fásta. Glac grianghraf d'aon fhógra Gaeilge a fheiceann tú nó déan pictiúr de nó scríobh amach an fhoclaíocht.

Nuair a thagann tú abhaile, líon isteach an bhileog thíos.

Líon isteach an bhileog seo le duine sa bhaile.

| Fógra Gaeilge | Cá bhfuil sé? | Cad is brí leis? |
|---|---|---|
| | | |

## Bileog 3: Focail Dheasa

| | |
|---|---|
| Is maith liom do _____________ | Rinne tú é sin go maith! |
| Tá sé go hiontach bualadh leat! | Tá áthas orm tú a fheiceáil! |
| Fíormhaith! | Tá mé an-bhuíoch díot. |
| Tabhair aire duit féin! | Coinnigh ort! |
| Maith thú! | Lean ort! |
| Ar fheabhas! | Go hiontach! |
| An-mhaith! | Thar cionn! |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |


## Bileog 4: Focail Speisialta

| | |
|---|---|
| **Foiseach** | **Clagarnach** |
| **Oide** | **Bambairne** |
| **Seoithín** | **Smugairle róin** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Bileog 5: Treoracha do Chluichí Cláir

### Ag Imirt Cártaí nó Cluichí Cláir: Frásaí Cabhracha

Suaith na cártaí.
Do sheans atá ann.
Tá an bua agat.
Cé mhéad cárta atá agat?
Comhghairdeas!
Mí-ádh ort!
Caith na dílse.
Caithfidh tú dul siar!



### Téigh ag iascaireacht: Rialacha

1. Faigheann gach imreoir 5 chárta. Tá tú ag iarraidh fáil réidh le gach cárta roimh dheireadh an chluiche.
2. Cuireann tú gach péire le chéile (mar shampla, dhá chárta le huimhir a 3), agus cuireann tú síos iad.
3. Tá tú ag iarraidh péire a fháil do na cártaí atá fágtha agat. Cuireann tú ceist ar imreoir eile 'An bhfuil cárta uimhir X agat/an rí/an bhanríon/an t-aon/an cuileata agat?'
4. Má tá an cárta sin ag an imreoir eile, tabharfaidh sé/sí duit é agus bíonn péire eile agat, agus cárta amháin níos lú.
5. Mura bhfuil an cárta sin ag an imreoir eile, déarfaidh sé/sí 'Téigh ag iascaireacht!' agus piocann tú suas cárta nua.
6. Bíonn an bua ag an duine a fhaigheann réidh leis na cártaí ar fad ar dtús.

*Tá leagan Gaeilge de na cártaí ar díol sa Siopa Leabhar.

### Cé atá ann? (Guess Who?): Rialacha

1. Suaith na cártaí.
2. Pioc amach cárta amháin an duine agus ná taispeáin don duine eile é.
3. Léigh na ceisteanna samplacha ar dtús.
4. Cuir na ceisteanna ar a chéile le fáil amach cé atá ann.
5. An cheist dheireanach ná 'An X atá ann?' 'Sea' nó 'Ní hea'



**Pointí Gramadaí:**

An bhfuil súile gorma **aige** nó **aici** ACH An bhfuil gruaig rua **air** nó **uirthi**?

An bean í? Sea. An fear é? Ní hea.

**Bainigí úsáid as na ceisteanna seo a leanas:**

An bhfuil gruaig dhonn/gruaig dhubh/gruaig fhionn/gruaig rua air nó uirthi?

An bhfuil sé/sí maol?

An bhfuil gruaig shúgánach (dreadlocks) air nó uirthi?

An bhfuil gruaig chatach nó gruaig dhíreach air nó uirthi?

An bhfuil caipín/hata air nó uirthi?

An bhfuil spéaclaí air nó uirthi?

An bhfuil féasóg/croiméal (moustache) air?

An bhfuil fáinne cluaise air nó uirthi?

An bhfuil súile gorma/súile donna aige nó aici?

An bhfuil srón mhór/srón bheag air nó uirthi?

An bhfuil cluasa móra/cluasa beaga air nó uirthi?

An bhfuil béaldath (lipstick) uirthi?

An bhfuil roic (wrinkles) air?

An bhfuil fabhraí fada (eyelashes) uirthi?

An fear é? Sea / Ní hea.  An bean í? Sea / Ní hea.




## Scrabble: Rialacha

Tá ceathrar imreoirí ann. Bíonn duine amháin ag coinneáil an scóir freisin.

1. Tógann gach duine amach 7 dtíl agus cuireann siad ar an raca iad.
2. Féachann gach duine ar na tíleanna atá acu. An féidir focal a dhéanamh leis na tíleanna seo?
3. Cuireann an chéad imreoir cúpla tíl a litríonn focal éigin síos ar an gclár. Caithfidh tíl amháin a bheith ar an réalta sa lár.
4. Déanann sé/sí comhaireamh ar an scór atá aige/aici agus scríobhfar síos é. (Tá luach na tíle scríofa uirthi).
5. B'fhéidir go bhfaighidh an chéad imreoir luachanna bisigh freisin.
6. Tógann an chéad imreoir tíleanna eile as an mála ionas go mbíonn 7 dtíl aige/aici arís.
7. Anois, tá seans ag an dara himreoir srl.

*Tá leagan Gaeilge den chluiche ar díol sa Siopa Leabhar.

## Casadh an tSúgáin (Twister)

**Pointe gramadaí: Tá na baill choirp a luaitear sa chluiche seo baininscneach.**




- Casfaidh duine amháin an pionna.
- Léann sé nó sí na treoracha:

*Cuir do lámh/chos chlé/lámh dheas ar spota dearg, glas, buí, gorm.*

Bíonn an bua ag an duine deireanach atá fós ar an mata.

## Jenga



1. Tóg túr leis na bloic. Cuir trí bhloc trasna mar bhun.
2. Cuir trí bhloc síos ar mhullach ar an gcéad trí bhloc.
3. Lean ort mar sin go dtí go bhfuil gach bloc sa túr.
4. Piocann duine amháin amach bloc ón mbun, go cúramach! Cuireann sé/sí an bloc ar an mbarr.
5. Bí an-chúramach go deo nach dtitfidh an túr ar fad!

*Is féidir Jenga sa Mhodh Coinníollach a imirt freisin.
Téigh siar ar an ngníomhaíocht Jenga sa Mhodh Coinníollach.

# Bileog 6: Ceistneoir don Chlub Léitheoireachta

Is féidir úsáid a bhaint as an gceistneoir seo a leanas chun cleachtais agus roghanna léitheoireachta a iniúchadh.

***Scríobh isteach do fhreagra in aice le gach bosca thíos.***

**Cuir ✓ in aice leis na cinn is maith leat. Cuir ✗ in aice leis na cinn nach maith leat.**

## 4. Is maith liom léamh...



Liom féin ☐


Le mo chairde ☐



Le mo mhuintir ☐


Ar líne ☐



Ar an bhfón póca ☐



Leis an múinteoir ☐


## 5. Is maith liom léamh...


Ar maidin ☐



Ar scoil ☐


Sa chlós ☐


Sa charr ☐




Ag an stad an bhus ☐



Sa leaba ☐

*Líon isteach!*


6. Na leabhair Ghaeilge is deireanaí a léigh mé ná:



7. Na leabhair Bhéarla is deireanaí a léigh mé ná:



8. Na leabhair is fearr liom ná:



9. Aon rud eile a léigh tú le déanaí?

## 10. Is maith liom na cineálacha seo leabhar (cuir tic ✓ in aice leis na cinn is fearr leat):

☐ 

Ficsean Eolaíoch

☐ 

Pictiúrleabhar

☐ 
Filíocht

☐ 

Sraithscéal


☐ 

Scéal bleachtaireachta


☐ 

Scéal neamhfhicsin

☐ 
Leabhar cócaireachta

☐ 

Úrscéal grafach

☐ 

Scéal dátheangach

☐ 


Béaloideas na hÉireann

☐ 

Gearrscéalta

☐ 

Greannáin

☐ 

Drámaí

☐ 
Ríomhleabhar

☐ 

Liricí ceoil

☐ 

Cluiche cláir

Cén fáth?

Aon chineál eile leabhair nach maith leat?

11. Ní maith liom na cineálacha seo leabhar (cuir ✗ in aice leis na cinn nach maith leat):



☐ 

Ficsean Eolaíoch

☐ 

Pictiúrleabhar

☐ 
Filíocht

☐ 

Sraithscéal

☐ 

Scéal bleachtaireachta

☐ 

Scéal neamhfhicsin

☐ 
Leabhar cócaireachta

☐ 

Úrscéal grafach

☐ 
Scéal dátheangach

☐ 


Béaloideas na hÉireann

☐ 

Gearrscéalta

☐ 

Greannáin

☐ 

Drámaí

☐ 
Ríomhleabhar

☐ 

Liricí ceoil

☐ 

Cluiche cláir

Cén fáth?

Aon chineál eile leabhair nach maith leat?

# Bileog 7: Cuir Agallamh ar Dhuine

| | |
|---|---|
| ***Céard é d'ainm iomlán?*** | ***An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat?*** |
| ***Cén bia is fearr leat?*** | ***Cá raibh tú ar laethanta saoire?*** |
| ***Cá bhfuil tú i do chónaí?*** | ***An bhfuil aon deirfiúr agat?*** |
| ***An maith leat brocailí?*** | ***Inis dom scéal greannmhar fút.*** |

# Bileog 8: Críochnaigh an Abairt

| | |
|---|---|
| **Is breá liom...** | **An dath is fearr liom ná...** |
| **Is maith liom...** | **An bia is fearr liom ná...** |
| **Gach maidin...** | **Díreach roimh dhul a chodladh...** |
| **Ní maith liom in aon chor...** | **Ba mhaith liom dul chuig...** |
| **Bíonn áthas orm nuair a fheicim...** | **Bíonn fearg orm nuair a chloisim...** |

# Bileog 9: Céard a Rinne Tú Aréir?

| | |
|---|---|
| **Ar chuala tú fón ag glaoch?** | **An bhfaca tú cara leat aréir?** |
| **An ndúirt tú 'Dia duit' le haon duine?** | **Cad a d'ith tú don bhricfeasta?** |
| **An ndearna tú d'obair bhaile?** | **An ndeachaigh tú chuig an siopa?** |
| **Ar tháinig tú abhaile déanach?** | **Ar thug tú bronntanas d'aon duine?** |
| **An bhfuair tú téacs?** | **An raibh tuirse ort aréir?** |

# Bileog 10: Leidchárta don Aimsir Fháistineach

| | |
|---|---|
| **Buailfidh tú le...** | **Íosfaidh tú...** |
| **Gheobhaidh tú glaoch ó...** | **Feicfidh tú...** |
| **Cloisfidh tú...** | **Rachaidh tú chuig...** |
| **Ólfaidh tú...** | **Déanfaidh tú...** |
| **Scríobhfaidh tú chuig...** | **Féachfaidh tú ar...** |


# Bileog 11: Leidchárta don Mhodh Coinníollach

| | |
|---|---|
| **Ligfinn béic asam agus...** | **Chuirfinn glaoch ar...** |
| **Rachainn go dtí...** | **D'fhanfainn le...** |
| **D'fhéachfainn timpeall...** | **Rithfinn chuig...** |
| **Shuífinn síos...** | **Dhéanfainn iarracht...** |
| **Gheobhainn cabhair ó...** | **D'fhágfainn síos mo...** |

# Bileog 12: Aidiachtaí/Contrárthachtaí

| | |
|---|---|
| **Beag** | **Álainn** |
| **Sean** | **Gránna** |
| **Crua** | **Mór** |
| **Mín** | **Nua** |
| **Saor** | **Ard** |
| **Daor** | **Íseal** |
| **Glan** | **Ciúin** |
| **Salach** | **Glórach** |

## Bileog 13: Inis Dom Fút Féin



# Bileog 14: Tá Fadhb Agam

Leidchárta Comhairle

| | |
|---|---|
| **Téigh chuig...** | **Faigh...** |
| **Cuir glaoch ar...** | **Féach ar...** |
| **Éist le...** | **Bí ag faire amach do...** |
| **Ná téigh chuig...** | **Ná faigh...** |
| **Ná cuir glaoch ar...** | **Ná déan dearmad...** |
| **Ná héist le...** | **Labhair le...** |

## Bileog 15: Rialacha na Traenach

# Rialacha

Ná cuir do chosa
ar na suíocháin.

Ná fág bruscar
ar an traein.

Ná bí ag screadaíl.

Ná suigh i suíocháin
atá réamháirithe.

Tadhall air ar dtús.

# Bileog 16: Casadh sa Scéal

| | |
|---|---|
| **Feiceann tú an príomhoide ag teacht.** | |
| **Casann tú timpeall agus tá do mhála imithe.** | |
| **Go tobann, buaileann an clog.** | |
| **Tosaíonn sé ag stealladh báistí.** | |
| **Cuireann do chara glaoch ort.** | |

# Bileog 17: Bolgán Smaointeoireachta

## Bileog 18: Conradh Drámaíochta

# Ár gConradh Drámaíochta

---

Éistfimid le chéile.

Beidh spraoi againn.

Cuirfimid ceisteanna cineálta ar na haisteoirí.

## Nótaí

## Nótaí

# Nótaí



# Sceitimíní

Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Drámaíochta

Claire M. Dunne